QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna

Aibreán 2016/QP.17-V1 © QQI

QQI, gníomhaireacht chomhtháite na cáilíochta
agus na gcáilíochtaí in Éirinn

Aibreán 2016/QP.17-V1 © QQI

# Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna


| Roinn | Teideal | Lch. |
|---|---|---|
| | Réamhrá | 3 |
| **Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna** | | 5 |
| 1 | Réamhrá | 5 |
| | Cuid 1 | 5 |
| 2 | Bonn agus nádúr bhailíochtú cláir | 5 |
| 3 | Réamhriachtanais le haghaidh bailíochtú cláir | 8 |
| 4 | Bailíochtú i gcomhthéacs soláthraí ar leith | 9 |
| 5 | Iarratas ar bhailíochtú a ullmhú | 12 |
| 6 | Meastóireacht neamhspleách | 15 |
| 7 | Iarratas ar bhailíochtú a chinneadh | 18 |
| 8 | Athruithe is féidir a dhéanamh ar chlár bailíochtaithe | 20 |
| 9 | Coinníollacha le haghaidh bailíochtú | 21 |
| 10 | Monatóireacht a dhéanamh ar choinníollacha le haghaidh bailíochtú | 23 |
| 11 | Diúltú do bhailíochtú agus achomharc | 23 |
| 12 | Athbhreithniú agus aistarraingt an bhailíochtaithe | 24 |
| 13 | Athbhailíochtú | 25 |
| 14 | Síneadh ar fhad chinneadh an bhailíochtaithe | 27 |
| 15 | Síneadh ar fhad chinneadh an bhailíochtaithe | 27 |
| 16 | Transitional arrangements | 28 |
| | Cuid 2 | 29 |
| 17 | Na bunchritéir le haghaidh bailíochtú | 29 |
| **Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú clár oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí den Comhchóras Dámhachtainí (CAS)** | | 39 |
| 1 | Réamhrá | 39 |
| 2 | An Comhchóras Dámhachtainí | 39 |
| 3 | Cineálacha clár | 40 |
| 4 | Próiseas iarratais QBS um chláir as a leanann dámhachtainí den CAS | 41 |
| 5 | Doiciméid an chláir agus doiciméid tacaíochta | 42 |
| 6 | Athrú ar chlár bailíochtaithe | 43 |
| 7 | Critéir bhreise maidir le cláir as a leanann dámhachtainí den CAS | 43 |
| 8 | Cur chuige bunaithe ar dhisciplín i leith bailíochtú do sholáthraithe clár as a leanann dámhachtainí den CAS | 46 |

## RÉAMHRÁ

Is comhlacht reachtúil é an QQI a bhfuil sainfheidhmeanna air, lena n-áirítear bailíochtú clár oideachais agus oiliúna agus bhunaigh sé na Beartais agus Critéir seo de bhun alt 44(1) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 ("Acht 2012").

Is próiseas rialála é bailíochtú trína gcinntear, go ginearálta, cibé an féidir dámhachtainí áirithe ar an QQI a thairgeadh i dtaca le clár oideachais agus oiliúna soláthraí ar leith.

Faoi láthair, glacann an QQI le hiarratais ar bhailíochtú clár oideachais agus oiliúna

- as a leanann dámhachtainí an QQI ar gach leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- i raon comhthéacsanna oideachais (m.sh. breisoideachas agus oiliúint (BOO), ardoideachas agus oiliúint (AOO), oideachas agus printíseacht ghairmiúil, múineadh an Bhéarla (ELT) agus taighde, oideachas agus oiliúint)
- lena mbaineann móid éagsúla (lena n-áirítear móid chomhoibríocha, trasnáisiúnta agus ríomhfhoghlama)

Tá beartais agus critéir nua bailíochtaithe an QQI á dtabhairt isteach ar chúiseanna éagsúla:

- Cuireann siad chun feidhme cur chuige comhsheasmhach i leith bailíochtú an QQI ar gach leibhéal den CNC. Déantar iad a eagrú agus a chur i láthair i bhformáid mhodúlach bunaithe ar bhunbheartais agus critéir. Tá gach bailíochtú faoi réir na mbunbheartas agus critéar ar beartais agus critéir ginearálta iad agus ar féidir iad a úsáid do chineálacha éagsúla clár gan forlíonadh. I gcás cineálacha áirithe clár, mar a bhfuil gá le comhsheasmhacht nó forléiriú níos mó, cuirtear beartais nó critéir shonracha breise leis na bunbheartais agus na critéir.
- Gabhann siad áit na bpróiseas éagsúil bailíochtaithe reatha, lena n-áirítear iad siúd a dhíorthaíonn ó chomhlachtaí roimh an QQI. Tá tábhacht leis sin de bhrí nach soláthraíonn na próisis oidhreachta, mar a cuireadh chun feidhme iad, an leibhéal céanna fianaise le haghaidh bailíochtú, agus níl siad chomh trédhearcach céanna.
- Ceaptar iad le bheith ar aon dul le treoirlínte nua reachtúla DC an QQI agus leis na beartais maidir le dámhachtainí agus caighdeáin a foilsíodh le deireanas.
- Éascaíonn siad cineálacha éagsúla cur chuige i leith bailíochtú agus féachtar leo le cinntiú go gcuireann próisis an QQI le haghaidh bailíochtú an fhaisnéis a iarrann an QQI chun é féin a shásamh go bhfuil gá le bailíochtú, ar fáil go héifeachtach agus go trédhearcach. Ba chóir go gcabhródh siad leis an QQI a acmhainní a dhíriú ar na réimsí is mó gá agus riosca a chothromú.
- Déanann siad soláthar le haghaidh bailíochtú clár BOO (breisoideachas agus oiliúint) nach mbraitheann ar an gComhchóras Dámhachtainí (agus ar chláir a bhraitheann).

Cuimsítear i mbeartais agus i gcritéir an QQI le haghaidh bailíochtú bunbheartais agus critéir mar aon le beartais agus critéir speisialaithe. **"Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do Chláir Oideachais agus Oiliúna"** a thugtar ar an gcéad ghrúpa díobh sin agus tá feidhm acu maidir le **gach** clár. Tá sainbheartais agus sainchritéir le haghaidh bailíochtú, ar nós **"Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú Clár as a Leanann Dámhachtainí sa Chomhchóras Dámhachtainí"** ann de bhreis ar na bundoiciméid seo.

Tá socruithe eatramhacha san áireamh.

# BUNBHEARTAIS AGUS CRITÉIR UM BAILÍOCHTÚ AN QQI DO CHLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

## 1 RÉAMHRÁ

Leagtar amach sa pháipéar seo na bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna (bailíochtú[1]).

Is próiseas rialála é bailíochtú trína gcinntear, go ginearálta, cibé an féidir dámhachtainí áirithe ar an QQI a thairgeadh i dtaca le clár oideachais agus oiliúna soláthraí ar leith (clár).

Áirítear ar thorthaí comhthaobhacha an phróisis bhailíochtaithe dea-chleachtais agus deiseanna le haghaidh feabhsú a aithint. Déantar iarratais ar bhailíochtú an QQI tar éis an clár ionchasach a dhoiciméadú agus sula dtairgtear é d'fhoghlaimeoirí le clárú air.

## CUID 1

## 2 BONN AGUS NÁDÚR BHAILÍOCHTÚ CLÁIR

Is feidhm reachtúil de chuid an QQI é clár oideachais agus oiliúna soláthraí a bhailíochtú. Gabhann roinnt coincheap bunúsach leis, a ndírítear orthu in aonaid[2] (2.1)-(2.4), ag tosú leis an gcoincheap is bunúsaí – is é sin, clár oideachais agus oiliúna (clár).

Pléitear in Aonad (2.5) agus sna míreanna seo a leanas an cur chun feidhme a dhéanann an QQI ar bhailíochtú.

### 2.1 COINCHEAP AN CHLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

*Is próiseas é clár oideachais agus oiliúna ina sealbhaíonn foghlaimeoir eolas, scil nó inniúlacht agus a n-áirítear air cúrsa staidéir, cúrsa teagaisc agus printíseachta.*

Dearadh bunbheartais agus critéir an QQI le haghaidh bailíochtú sa tslí nach ndíreofar aird ach amháin ar na heilimintí sin atá riachtanach do gach clár. Déantar amhlaidh chun claonadh gan chuimhneamh i bhfabhar aon chineál cláir nó aon chineál cur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a sheachaint. Ar an tslí seo éascaíonn siad an éagsúlacht agus osclaíonn siad an doras do nuáil bhreisitheach.

### 2.2 COINCHEAP AN tSOLÁTHRAÍ

*Duine a sholáthraíonn nó a eagraíonn clár oideachais agus oiliúna is ea soláthraí.* Mar shampla, d'fhéadfadh gur grúpa eagraíochtaí é an soláthraí, a oibríonn le chéile faoi shocrú foirmiúil chun clár bailíochtaithe a sholáthar.

*1. Is féidir míniú difriúil a bheith ag téarmaí áirithe atá in úsáid go coitianta i measc grúpaí difriúla soláthraithe. Úsáidtear téarmaíocht chaighdeánaithe sa doiciméad seo agus mar sin moltar do gach léitheoir a bheith aireach ar shainmhíniú na dtéarmaí.*

*2. Aonaid a thugtar ar eilimintí sa doiciméad seo seachas ailt, chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na tagairtí a dhéantar go minic d'ailt d'Acht 2012.*

## 2.3 COINCHEAP AN CHLÁIR BHAILÍOCHTAITHE

Déantar clár oideachais agus oiliúna (clár) a bhailíochtú i gcás ina ndeimhníonn an QQI faoi alt 45 *gur shásaigh soláthraí an chláir é go sealbhóidh foghlaimeoir cláraithe den soláthraí sin*, *a chríochnaíonn an clár sin, an t-eolas, an scil nó an inniúlacht is gá chun dámhachtain de chuid an QQI, atá á tairiscint i leith an chláir sin, a fháil, agus go mbeidh ar a chumas, i gcás inarb infheidhme, an t-eolas, an scil nó an inniúlacht sin a léiriú.*

Cuirtear i gciall leis seo go gciallaíonn críochnú i gcás clár bailíochtaithe, go bhfuil an t-eolas, an scil agus an inniúlacht is gá chun dámhachtain(í) an QQI a thairgtear as an gclár sin a chosaint, sealbhaithe ag an bhfoghlaimeoir agus go bhfuil siad intaispeáinte, más cuí.

Anuas air sin, má thuilleann duine dámhachtain den QQI as clár a chríochnú, ní mór measúnú a bheith déanta ar an bhfoghlaimeoir (mar chuid den chlár) féachaint an bhfuil an t-eolas, scil nó inniúlacht riachtanach sealbhaithe ag an bhfoghlaimeoir; féach aonad (9.1).

**Le haghaidh cuspóirí bheartais agus critéir bhailíochtaithe an QQI, ciallaíonn clár bailíochtaithe a chríochnú gur measúnaíodh go bhfuil ag foghlaimeoir agus gur féidir leis/léi é a léiriú, más cuí, an t-eolas, an scil nó an inniúlacht is gá chun bronnadh dámhachtain den QQI a chosaint.**

Baineann bailíochtú le clár soláthraí seachas le clár mar mhír ar leith ar shiúl ó sholáthraí. Níl clár bailíochtaithe inaistrithe ó sholáthraí go chéile; féach aonad (2.7).

## 2.4 AN BONN REACHTÚIL LE BAILÍOCHTÚ CLÁIR

Áirítear ar fheidhmeanna an QQI cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú, agus athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir bhailíochtaithe (alt 9(d) d'Acht 2012).

Rialaíonn ailt 44-47 d'Acht 2012 feidhm bailíochtaithe cláir an QQI. Bunaítear an beartas agus na critéir le haghaidh bailíochtú faoi alt 44 d'Acht 2012.

Is cion é faoi Acht 2012 do sholáthraí fianaise bhréagach a sholáthar nó a mhaíomh go bréagach go bhfuil bailíochtú ón QQI faighte do chlár oideachais agus oiliúna.

## 2.5 A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ CLÁIR A BHAILÍOCHTÚ

Nuair a dhéanann an QQI clár oideachais agus oiliúna a bhailíochtú:

a) dearbhaítear do sholáthraí an chláir bhailíochtaithe go ndéanfaidh an QQI dámhachtain a bhronnadh ar fhoghlaimeoirí, nuair a iarrann an soláthraí é, as an gclár a chríochnú go rathúil;

b) dearbhaítear d'fhoghlaimeoir ionchasach go gcabhróidh an clár leo an caighdeán is gá don dámhachtain QQI a ghabhann leis a bhaint amach; agus

c) gealltar do gheallsealbhóirí (m.sh. maoinitheoirí agus fostóirí) a infheistíonn sa chlár go n-ullmhóidh sé foghlaimeoirí ar shlí leordhóthanach do dhámhachtain chomhfhreagrach an QQI.


Aibreán 2016/QP.17-V1 © QQI

Ní mór a nótáil nach dearbhuithe amach is amach iad seo, de bhrí, mar shampla, go ndírítear, i mbailíochtú clár nua, ar na cláir sin roimh a soláthar.

## 2.6 BAILÍOCHTÚ DIFREÁILTE

Áirítear anseo bailíochtú an QQI do chlár atá bunaithe ar chlár atá bailíochtaithe ag an QQI, nó ar mhionathrú nó leathnú ar chlár den sórt sin. Is féidir le bailíochtú ón QQI don chlár bunaidh a bheith ina bhonn eolais le bailíochtú an QQI don chlár a dhíorthaíonn as, agus is féidir leis sin an próiseas bailíochtaithe don chlár díorthaithe a shimpliú. **Bailíochtú difreáilte** a thugtar ar bhailíochtú an QQI do chlár díorthaithe a bhraitheann ar bhailíochtú an QQI don chlár bunaidh.

## 2.7 BAILÍOCHTÚ CLÁR A BHFUIL CURACLAM I BPÁIRT ACU

**Curaclam i bpáirt** a thugtar ar churaclam a cheaptar d'úsáid dhá sholáthraí nó níos mó. Is é sin an chuid de chlár oideachais agus oiliúna soláthraí nach mbraitheann ar an soláthraí áirithe sin.

Is féidir le soláthraí curaclam i bpáirt a úsáid agus clár oideachais agus oiliúna á cheapadh. Is féidir féachaint ar an gclár mar áscú den churaclam i bpáirt. Nuair a bhailíochtaíonn an QQI clár soláthraí trí úsáid a bhaint as curaclam i bpáirt, ní gá d'aon soláthraí eile (le cead an chéad soláthraí chun an curaclam i bpáirt sin a úsáid) iarratas a dhéanamh ach amháin ar **bhailíochtú difreáilte** dá chlár comhfhreagrach; féach aonad (2.6).

Tá an téarma '*clár i bpáirt*' in úsáid ag soláthraithe agus i *gcomhaontuithe ceadaithe clár* de chuid an QQI[3] chun cur síos a dhéanamh ar an rud is curaclam i bpáirt i ndáiríre[4]. Éascóidh an téarmaíocht nua comhoibriú leanúnach ó thaobh cláir a cheapadh agus soiléireoidh sé céard go díreach atá i bpáirt acu. Leanfaidh an QQI den chleachtas faoina ndéantar curaclaim i bpáirt a cheapadh agus de chomhoibriú maidir lena gceapadh a spreagadh agus a thacú.

## 2.8 SOLÁTHAR COMHOIBRITHEACH AGUS CLÁIR CHUIBHREANNAIS

Féadfaidh grúpa soláthraithe **cuibhreannas** a chruthú ar mhaithe le bailíochtú a lorg maidir le **clár comhoibríoch** (le cur ar fáil ag baill an chuibhreannais).

Faoi na nósanna imeachta DC sonracha a bhaineann leis an gcineál soláthair chomhoibrithigh seo, is gá ceadú an QQI a fháil sula ndéantar iarratas ar bhailíochtú.

Féadfaidh beartais agus critéir speisialaithe le haghaidh bailíochtú a bheith i bhfeidhm; féach aonad (16).

Cuir san áireamh gur féidir le cuibhreannas iarratas a dhéanamh ar stádas mar 'sholáthraí ábhartha' agus baill an chuibhreannais ina soláthraithe tánaisteacha (féach 44(11) d'Acht 2012).

*3. Ba é FETAC a bhunaigh iad seo a chéaduair, le soláthraithe áirithe BOO.*
*4. Mar sin féin, ní sainmhíniú é ar churaclam i bpáirt é an cleachtas seo.*

## 2.9 COMHBHAILÍOCHTÚ AGUS BAILÍOCHTÚ COMHTHREOMHAR

Gabhfaidh an QQI do chomhbhailíochtú agus do bhailíochtú comhthreomhar i gcás ina measann sé go bhféadfadh buntáistí d'fhoghlaimeoirí, maidir le cáilíochtaí/dearbhú cáilíochta, leanúint as comhlachtaí dámhachtana eile a bheith bainteach.

Beidh comhbhailíochtú riachtanach de ghnáth i gcás comhdhámhachtana. Féach aonad (16). Féach, leis, Beartas agus Critéir an QQI um Dhámhachtainí a Dhéanamh.

Ciallaíonn bailíochtú comhthreomhar dhá chomhlacht dámhachtana nó níos mó a cheadaíonn clár go neamhspleách ar mhaithe le teistiú comhthreomhar nach ábhar é de shocrú comhdhámhachtana faoi (alt 51 d'Acht 2012).

## 2.10 BAILÍOCHTÚ AGUS TEISTIÚ

Ní iarrfaidh soláthraithe teistiú i gcás foghlaimeoirí atá cláraithe ar chár bailíochtaithe ach nach bhfuil an clár sin críochnaithe acu go fóill (cé go bhféadfadh próiseas Aitheantais d'Fhoghlaim Roimh Ré a bheith mar chuid den chríochnú). Má éagann fad tréimhse an chláraithe (féach aonad (9.2.2)), ansin ní féidir foghlaimeoirí, a bhí cláraithe ar an gclár tar éis éag an bhailíochtaithe, a chur ar aghaidh le haghaidh teistiú ar bhonn an clár sin a bheith críochnaithe acu.

Ní cheanglaíonn bailíochtú ar sholáthraí teistiú an QQI a lorg, ach i gcás inar thairg an soláthraí an clár mar chlár faoi bhailíochtú an QQI, ní mór don soláthraí rochtain ar theistiú an QQI a éascú i gcás iarratas ó fhoghlaimeoirí a chríochnaigh an clár go rathúil.

## 2.11 SOLÁTHRAITHE A CHUIREANN A gCLÁIR AR AGHAIDH CHUIG AN QQI LE hAGHAIDH BAILÍOCHTÚ

Ceanglaítear ar sholáthraithe áirithe faoi Acht 2012 a gcláir a chur ar aghaidh chuig an QQI lena mbailíochtú. Aithnítear na cláir sin in alt 44 fo-ailt 9-12 d'Acht 2012.

## 2.12 TÁILLÍ LE hAGHAIDH BAILÍOCHTÚ

Foilsítear an sceideal táillí mar mhír ar leithligh. Ní ghlacfaidh an QQI le hiarratas ar bhailíochtú mura mbíonn an táille chuí in éineacht leis.

## 2.13 BAILÍOCHTÚ SIARGHABHÁLACH

Ní dhéanfaidh an QQI bailíochtú siarghabhálach ar chláir. Féach aonad (2.4).

## 3 RÉAMHRIACHTANAIS MAIDIR LE BAILÍOCHTÚ CLÁIR

Sular féidir le soláthraí cláir oideachais agus oiliúna iarratas a dhéanamh faoi alt 44 d'Acht 2012 chuig an QQI ar son bailíochtú cláir, ní mór dó:

a) **nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a bheith bunaithe aige faoi alt 28 d'Acht 2012.** Ní mór an clár a chuirtear ar aghaidh lena bhailíochtú a bheith cuimsithe faoi na nósanna imeachta DC agus ní mór dóibh a bheith oiriúnach don fheidhm i bhfianaise an chláir bheartaithe;

b) **nósanna imeachta le haghaidh rochtana, aistriú agus forchéimniú a bheith bunaithe ag an soláthraí faoi alt 56,**

c) **alt 65 i dtaca le socruithe d'fhoghlaimeoirí cláraithe a bheith comhlíonta; agus**

Ba chóir do sholáthraithe doiciméad an QQI dar teideal Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe (PEL) a cheadú: *Prótacail maidir le Cuid 6 D'Acht 2012 a chur chun feidhme.*

Go bunúsach, ceanglaítear ar sholáthraí cláir atá faoi réir alt 65(1) d'Acht 2012 sonraí a chur isteach, i scríbhinn, de na socruithe atá i bhfeidhm ag an soláthraí maidir le halt 65(4) d'Acht 2012 chuig an QQI agus iarratas á dhéanamh ar bhailíochtú.

Má bhailíochtaítear an clár, ní mór taifead scríofa na socruithe a fhoilsiú.

Ní ghlacfaidh an QQI le hiarratas ar bhailíochtú má mheasann sé nach ngéilleann na socruithe do na socruithe a éilítear i roinn 65. Ní féidir an chiall a bhaint as glacadh le hiarratas go ndearbhaíonn an QQI go bhfuil na socruithe a cheanglaíonn alt 65 éifeachtach.

d) **dul i gcomhairle leis an té dá dtagraítear in alt 44 fo-alt (11), má bhaineann an fo-alt sin leis an soláthraí.**

Ní mór do sholáthraí dul i gcomhairle le haon soláthraí eile a sholáthraíonn an clár go hiomlán nó go páirteach (alt 44, fo-alt (11)).

Ní mór do sholáthraí aon soláthraí eile atá bainteach a dhearbhú ina iarratas ar bhailíochtú.

Féadfaidh beartais agus critéir speisialaithe le haghaidh bailíochtú a bheith i bhfeidhm má tá dhá sholáthraí nó níos mó bainteach i gclár a sholáthar go comhoibritheach; féach aonad (2.8).

NÓTA: Ní ghlacfar le hiarratais ó sholáthraithe nach gcomhlíonann na ceithre réamhriachtanas seo.

# 4 BAILÍOCHTÚ I gCÁS SOLÁTHRAÍ AR LEITH

## 4.1 SOCRUITHE INSTITIÚIDEACHA AGUS SOCRUITHE LE hAGHAIDH BAILÍOCHTÚ

Ní mór do chlár a chuirtear ar aghaidh lena bhailíochtú comhéadan a dhéanamh le nósanna imeachta DC ceadaithe an tsoláthraí. Ba chóir aon athruithe incriminteacha ar nósanna imeachta DC an tsoláthraí a éilítear faoin gclár nó aon nósanna imeachta DC sainchláir, ní mór iad a cheapadh ag féachaint do threoirlínte reachtúla DC an QQI. Sin ceann amháin de na cúiseanna nach féidir bailíochtú a aistriú ó sholáthraí amháin go soláthraí eile; féach aonad (2.3). Áireofar ar chlár rialachas riachtanach, dearbhú cáilíochta, measúnú foghlaimeoirí, agus nósanna imeachta le haghaidh rochtana, aistriú agus forchéimniú a chaithfidh comhéadan feidhmiúil a dhéanamh le nósanna imeachta ginearálta nó institiúideacha an tsoláthraí. Más clár comhoibríoch é inar soláthraí fíorúil é (m.sh. cuibhreannas soláthraithe) socruithe níos casta a bheidh i gceist ach is beag idir ina prionsabail.

Féadfaidh beartais agus critéir speisialaithe a bheith i bhfeidhm maidir le cláir chomhoibríocha a bhailíochtú; féach aonad (2.8).

## 4.2 BAILÍOCHTÚ CÉADUAIRE AGUS RAON AN tSOLÁTHAIR

I gcás gach soláthraí, is é raon ceadaithe an tsoláthair a chuireann teorainn le bailíochtú. Bunaítear raon ceadaithe an tsoláthair do sholáthraithe nua tar éis iarratas ar bhailíochtú a rochtain.

I gcás soláthraithe a bhfuil caidreamh bunaithe acu cheana féin leis an QQI, glactar leis gurb é raon ceadaithe an tsoláthair raon na gclár atá bailíochtaithe faoi láthair tráth thús feidhme an bheartais seo mura gcinneann an QQI a mhalairt.

## 4.3 RAON AN TSOLÁTHAIR CHEADAITHE A LEATHNÚ

Tar éis do sholáthraí bailíochtú a fháil maidir le clár féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chun raon an tsoláthair cheadaithe a leathnú trí iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú i gcás cláir a leathnaíonn an raon. Féadfaidh próiseas meastóireachta níos casta a bheith riachtanach i gcás leathnú raoin. Is féidir go mbeidh ar an soláthraí a nósanna imeachta DC a mhionathrú ar dtús chun a raon a leathnú agus ceadú dóibh a iarraidh ar an QQI.

Féadfaidh bailíochtú ina aonar an raon a leathnú de bheagán (m.sh. laistigh de nósanna imeachta ceadaithe reatha DC an tsoláthraí.

## 4.4 BAILÍOCHTÚ AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA (DC)

Féadfaidh próiseas caighdeánach bailíochtaithe ceadú a mholadh le haghaidh nósanna imeachta DC a mhionathraítear go hincriminteach. Ní ghabhann sé sin chomh fada le ceadú mórathruithe ar nós athruithe a dhíríonn ar threoirlínte DC sain-earnála nó saintopaice nach raibh i bhfeidhm cheana.

Ba chóir do sholáthraithe svuít treoirlínte reachtúla DC an QQI a cheadú, maidir le treoirlínte sain-earnála agus saintopaice a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm agus aird

a thabhairt ar an riachtanas nósanna imeachta comhfhreagracha a bheith ceadaithe sula ndéantar iarratas ar bhailíochtú.

Féadfaidh sé a bheith éifeachtach i gcásanna áirithe ceadú nósanna imeachta DC agus bailíochtú a chomhtháthú. Sa phróiseas céanna meastóireachta d'fhéadfaí féachaint ar an bhfianaise maidir leis an dá cheann ag an am céanna (.i. an tuarascáil féinmheastóireachta chéanna ón soláthraí agus an tuairisc ar chuairt suímh céanna a úsáid). Mar sin féin, tugtar ceadú an QQI do nósanna imeachta DC sula gcinntear an t-iarratas ar bhailíochtú. Go háirithe, ní mór na nósanna imeachta DC a bheith ceadaithe sular féidir (féach aonad (3)) iarratas foirmiúil ar bhailíochtú a dhéanamh.

## 4.5 BAILÍOCHTÚ CLÁIR A SHOLATHRAÍTEAR IN IONAID IOLRACHA

Ní mór nósanna imeachta DC atá ceadaithe ag an QQI, a chlúdaíonn gach ceann de na hionaid, a bheith ag soláthraithe a thairgeann cláir ag suíomhanna (ionaid) iolracha.

Nuair a dhéanann soláthraí iarratas ar bhailíochtú maidir le clár ar leith, ní mór na hionaid atá bainteach leis an gclár sin agus nádúr agus méid na bainteachta a shonrú (m.sh. róil, freagrachtaí agus cuntasachtaí), agus féadfaidh sé critéir chruinne a shonrú maidir le hionaid bhreise a chur le liosta na n-ionad atá bainteach leis an gclár sin. Meastar na hionaid atá bainteach leis a bheith riachtanach don chlár.

Meastar go gcinnteoidh na nósanna imeachta DC go ndéanfar na coinníollacha a ghabhann le bailíochtú cláir ar leith a shásamh i gcás gach ionaid atá bainteach leis an gclár sin.

## 4.6 FOGHLAIM SHOLÚBTHA AGUS FOGHLAIM DHÁILTE

Féadfaidh an QQI bailíochtú a thabhairt do chlár a bhfuil socruithe d'fhoghlaim sholúbtha nó d'fhoghlaim dháilte mar chuid díobh. D'áireofaí air sin, mar shampla, clár ar líne nó meascán de ríomhfhoghlaim agus d'fhoghlaim in ionad. Mura ndeirtear a mhalairt ar an deimhniú i ndáil le bailíochtú (féach aonad (7.1)), ní cheadaítear faoin mbailíochtú úsáid a bhaint as socruithe foghlama solúbtha nó dáilte nár breithníodh le linn an phróisis bhailíochtaithe. Ní bhaineann an srian seo le tacaíochtaí teicneolaíochta teagaisc agus foghlama a úsáidtear mar chuid de chláir a mhúintear in ionaid.

Ní mór an clár mionathraithe a bhailíochtú má tá teicneolaíocht mar sin le tabhairt isteach faoi chlár.

## 4.7 TRASNÁISIÚNTA

Déantar clár a bhailíochtú lena sholáthar i ndlínsí áirithe. Mura ndeirtear a mhalairt ar an deimhniú ar bhailíochtú, ní bhaineann an bailíochtú ach le cláir a chuirtear ar fáil laistigh d'Éirinn d'fhoghlaimeoirí atá ina gcónaí sa Stát. Má tá dlínse nua le cur leis an tacar seo, ní mór an clár mionathraithe a bhailíochtú ach amháin má tá socruithe le haghaidh leathnú san áireamh go sainráite sa chlár bailíochtaithe.

Is féidir go gcuirfear sainbheartais agus sainchritéir le haghaidh bailíochtú clár trasnáisiúnta ar fáil go leithleach; féach aonad (16).

## 4.8 TEANGA

Déantar clár a bhailíochtú lena sholáthar i dteanga nó i dtacar teangacha ar leith, m.sh. is féidir clár a bheith bailíochtaithe lena sholáthar i nGaeilge amháin nó i nGaeilge, Gearmáinis agus Béarla. Mura ndeirtear a mhalairt ar an deimhniú ar bhailíochtú, ní bhailíochtaítear cláir lena soláthar ach amháin i mBéarla. Má tá teanga nua le cur leis an tacar seo, ní mór an clár mionathraithe a bhailíochtú ach amháin má tá socruithe le haghaidh leathnú san áireamh go sainráite sa chlár bailíochtaithe.

# 5 IARRATAS AR BHAILÍOCHTÚ A ULLMHÚ

Leagtar amach san aonad seo na céimeanna is gá chun iarratas ar bhailíochtú a dhéanamh. D'fhéadfaí treoirlínte níos mionsonraithe a eisiúint chun cabhrú le soláthraithe iarratais a ullmhú.

## 5.1 RÉAMHÁBHAIR

Ní mór do sholáthraithe a chinntiú go gcomhlíontar na réamhábhair atá leagtha amach in aonad (3) sula ndéantar iarratas ar bhailíochtú.

Ní mór d'iarratas ar bhailíochtú gach ceann de riachtanais bheartas agus chritéir an QQI le haghaidh bailíochtú a chomhlíonadh.

Ní bhaintear an chiall as iarratas a chuireann soláthraí isteach chuig an QQI gur comhlíonadh riachtanais an QQI i ndáil le bailíochtú.

Ní mór an táille forordaithe a bheith ag gabháil le hiarratas ar bhailíochtú, táille nach n-aisíoctar.

## 5.2 CLÁIR BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Bítear ag súil go mbainfidh soláthraithe clár BOO (lena mbailíochtú ag an QQI) úsáid as an gComhchóras Dámhachtainí mura bhfuil nósanna imeachta DC acu a chumasaíonn dóibh na torthaí foghlama ceaptha ar an gclár i dtrácht a cheapadh bunaithe ar chaighdeáin níos ginearálta nó ar thuairisceoirí cineálacha dámhachtana ar an CNC.

## 5.3 DOICIMÉID AN CHLÁIR AGUS DOICIMÉID TACAÍOCHTA

Ní mór dóthain faisnéise chun díriú ar na critéir infheidhme le haghaidh bailíochtú a bheith san áireamh i ndoiciméid an chláir:

- Breac-chuntas ar an gclár agus ainmniú na dámhachtana/na ndámhachtainí QQI a leanfaidh as;
- Ba chóir a chur san áireamh sa chlár doiciméadaithe (lena n-áirítear, mar shampla, an méid a mhúintear, an tslí a mhúintear é, na modhanna agus na móid a úsáidtear chun é a mhúineadh, an áit a mhúintear é, an uair a mhúintear é, an tslí a mheasúnaítear é, cé dó, go ginearálta, a mhúintear é, cé ar leis an gclár, agus conas a dhéantar an clár a bhainistiú agus a cháilíocht a dhearbhú agus cé a dhéanann é sin) nó é a bheith mar thacú leis (nóta - is liosta táscach é seo, seachas seicliosta):
  - o Straitéisí agus nósanna imeachta measúnaithe an chláir;
  - o Straitéisí teagaisc agus foghlama an chláir (clúdaítear anseo oideachas agus oiliúint);
  - o Sonraíochtaí cruinne riachtanais foirne an chláir (an fhoireann is gá mar chuid den chlár agus an fhoireann riachtanach) agus líon aitheanta foirne (nó foirne féideartha);

- o CVanna do phríomhfhoireann an chláir (m.sh. ceannairí an chláir);
- o Sonraíochtaí cruinne de riachtanais fisiciúla an chláir (a bheidh de dhíth mar chuid den chlár agus mar chuid riachtanach de) agus líon aitheanta acmhainní tacaithe fisiciúla (nó acmhainní féideartha tacaithe fisiciúla);
- o Liosta cuimsitheach de phríomhacmhainní fisiciúla an chláir;
- o Nósanna imeachta doiciméadaithe maidir le hoibriú agus bainistiú an chláir;
- o Plean cúig bliana maidir leis an gclár;

– Samplaí de na hábhair a chuirfear ar fáil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha;

– Samplaí de na hábhair a chuirfear ar fáil d'fhoghlaimeoirí cláraithe;

– Samplaí de thascanna measúnaithe, freagraí samplacha5 agus scéimeanna marcála maidir le gach céim den dámhachtain.

Is féidir go mbeidh gá le tuilleadh doiciméad chun díriú ar chritéir infheidhme le haghaidh bailíochtú. Ba chóir aon athruithe incriminteacha ar nósanna imeachta DC an tsoláthraí a éilítear faoin gclár nó aon nósanna imeachta DC sainchláir, ní mór iad a dhoiciméadú agus a chur ar fáil in éineacht leis an iarratas.

Beifear ag súil leis an gclár a bheith leagtha amach go dtí an pointe ag a bhféadfaí é a thairiscint d'fhoghlaimeoirí. Is gá faisnéis mhionsonraithe, ní breac-chuntas amháin. Ní mór díriú ar na critéir le haghaidh bailíochtú.

Is féidir riachtanais bhreise nó riachtanais eile a bheith leagtha amach sna saindoiciméid ábhartha beartais agus critéar le haghaidh bailíochtú.

## 5.4 MEASTÓIREACHT AN tSOLÁTHRAÍ AR AN gCLÁR

Sula ndéantar iarratas ar bhailíochtú cláir, is gá don soláthraí meastóireacht a dhéanamh agus a thuairisciú maidir leis an gclár i dtrácht i gcomparáid leis na beartais agus critéir infheidhme le haghaidh bailíochtú. Ba chóir an próiseas seo a chur i gcrích de réir nósanna imeachta DC ceadaithe an iarratasóra ón QQI agus níor chóir é a mheascadh leis an meastóireacht neamhspleách dá dtagraítear in aonad (6).

## 5.5 AN tIARRATAS A CHUR LE CHÉILE AGUS A CHUR ISTEACH

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in aon iarratas:

– Doiciméid a léiríonn gur comhlíonadh na Reamhábhair; (féach aonad (5.1)), go háirithe gur comhlíonadh na Réamhriachtanais (3) go sásúil;

– Aon réasúnaíocht is gá faoi aonad (5.2);

– Doiciméid an chláir agus doiciméid tacaíochta; féach aonad (5.3);

– Tuarascáil mheastóireachta an tsoláthraí; féach aonad (5.4);

*5. Is gá iad seo a leanas mar léiriú.*

- An táille infheidhme (meastar gur iarratas neamhiomlán é mura bhfaigheann an QQI an táille).

Ní mór do dhoiciméid agus do thuarascáil mheastóireachta an chláir díriú ar na critéir infheidhme le haghaidh bailíochtú. Féadfaidh an QQI bailíochtú a dhiúltú ar na forais nach ndíríonn an t-iarratas ar na critéir infheidhme le haghaidh bailíochtú. Is é cúram an iarratasóra cás iomlán a chur i láthair.

Is féidir riachtanais bhreise nó riachtanais mhionléirithe a bheith leagtha amach sna doiciméid sainbheartais agus critéar le haghaidh bailíochtú agus i nósanna imeachta oibríochtúla an QQI le haghaidh bailíochtú (córais bhogearraí san áireamh).

Féadfaidh an QQI, faoina lánrogha féin, cead a thabhairt don iarratasóir na chéad cheithre mhír a chur isteach agus sonrasc maidir leis an táille infheidhme a iarraidh. Deimhneoidh an QQI, ansin, go bhfuil an táille iarratais atá aitheanta ag an soláthraí ceart agus féadfaidh sé na doiciméid a scagadh. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an QQI sonrasc chuig an soláthraí má bhíonn gach rud i gceart. Meastar an t-iarratas a bheith déanta nuair a fhaigheann an QQI an táille iarratais. Ní haon ráthaíocht é an scagadh seo a bheith déanta go measfar na doiciméid a bheith iomlán nuair a dhéanfar meastóireacht neamhspleách orthu.

## 5.6 IARRATAS AR BHAILÍOCHTÚ A AISTARRAINGT

Is féidir iarratais ar bhailíochtú maidir le cláir nua a aistarraingt roimh thús chéim na meastóireachta neamhspleáiche. Is féidir aisíocaíocht pháirteach táillí (suas le 50% de na táillí a fhaightear maidir leis an iarratas) a dhéanamh má aistarraingítear an t-iarratas roimh thús chéim na meastóireachta neamhspleáiche. Tar éis thús chéim na meastóireachta neamhspleáiche, is gnách don QQI dul ar aghaidh chuig cinneadh agus tuarascáil ar an mheastóireacht neamhspleách a fhoilsiú.

## 5.7 RÚNDACHT AGUS AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Cuirfear na doiciméid, (lena n-áirítear na doiciméid is ábhar d'aonad (5.5)) maidir le hiarratas ar bhailíochtú, ar fáil faoi rún d'fhoireann an QQI agus do dhaoine agus eagraíochtaí atá bainteach lena meas. É sin ráite, ní mór a chur san áireamh go bhfuil an QQI faoi réir na reachtaíochta Saorála Faisnéise agus go bhfuil taifid an QQI faoi réir iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## 6 MEASTÓIREACHT NEAMHSPLEÁCH

Déanfar gach iarratas ar bhailíochtú a mheas go neamhspleách i gcomparáid leis na critéir le haghaidh bailíochtú. Tá an cur chuige sin leagtha amach thíos. Is féidir riachtanais mhionléirithe a bheith leagtha amach sna doiciméid sainbheartais agus critéar le haghaidh bailíochtú agus i nósanna imeachta oibríochtúla an QQI le haghaidh bailíochtú (córais bhogearraí san áireamh).

Faoi mar a mheasann an QQI a bheith riachtanach agus faoi shocrú leis an QQI, is féidir go ndéanfaidh meastóirí cuairteanna suímh mar chuid den mheastóireacht. Féadfaidh siad ceannairí an tsoláthraí, pearsanra an chláir agus geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear aon fhoghlaimeoirí ábhartha, a chur faoi agallamh. Féadfaidh an grúpa meastóireachta aiseolas neamhfhoirmiúil a sholáthar don soláthraí ag deireadh na cuairte suímh. Ní aiseolas cuimsitheach a bheidh in aon aiseolas mar sin agus tabharfar é gan dochar don tuarascáil neamhspleách mheastóireachta deiridh.

Ní mór díriú sa tuarascáil neamhspleách mheastóireachta ar cibé an gcomhlíonann an clár na critéir le haghaidh bailíochtú go ginearálta agus go mionsonraithe. Ní mór ceann amháin de na conclúidí foriomlána seo a leanas a bheith san áireamh ann, i bhfianaise na mbeartas agus na gcritéar infheidhme le haghaidh bailíochtú:

- Sásúil (*a chiallaíonn go moltar gur féidir leis an QQI a bheith sásta i gcomhthéacs aonad (2.3)*);
- Sásúil faoi réir coinníollacha speisialta[6] beartaithe (sonraithe le hamscála comhlíonta i gcás gach coinníll; féadfaidh coinníollach réamhbhailíochtaithe beartaithe a bheith san áireamh anseo, m.sh. rudaí (mionrudaí) atá le déanamh le clár a chomhlíonann nach mór na critéir le haghaidh bailíochtú sula ndéanann an QQI cinneadh);
- Neamhshásúil.

De ghnáth, measfar iarratas a dteipeann air aon cheann de ghnéithe na gcritéar a chomhlíonadh a bheith ina iarratas neamhshásúil. Mar sin féin, le cinntiú nach gcuirfear an próiseas le haghaidh bailíochtú i bhfeidhm go míréasúnta, má fhaightear i meastóireacht neamhspleách go sásaíonn clár na critéir le haghaidh bailíochtú, a bheag nó a mhór, ach gur gá mionathruithe, d'fhéadfadh na measúnóirí neamhspleácha "Sásúil faoi réir na gcoinníollacha speisialta molta" a chinneadh i gcás ina gclúdaíonn na coinníollacha speisialta na lochtanna is gá a cheartú.

Ina dhiaidh sin, i gcásanna eisceachtúla, is féidir na 'coinníollacha speisialta' a úsáid chun codanna den iarratas a shainaithint a mheastar a bheith sásúil ar bhonn neamh-spleách. Mar shampla, is féidir go molfaí in iarratas clár a chur ar fáil in dhá shuíomh agus is féidir go bhfaighfí i dtuarascáil an mheasúnóra neamhspleách go bhfuil an t-iarratas sásúil ar choinníoll nach gcuirfear ar fáil é ach ag ceann amháin de na suíomh-anna sonraithe. Ní úsáidfear na coinníollacha seo, áfach, le moladh a dhéanamh don QQI gur féidir leis a bheith sásta le clár ar choinníoll go mbronnfar dámhachtain eile den QQI (m.sh. dámhachtain ar leibhéal níos ísle den CNC nó a bhfuil teideal dámhachtana CAS difriúil aige) ná an ceann atá sainaitheanta san iarratas.

*6. Ciallaíonn speisialta anseo de bhreis ar ghiotaí ó na coinníollacha a ndéantar cur síos orthu in aonad (9.2).*

Lena chois sin, féadfaidh an tuarascáil moltaí a dhéanamh lena mbreithniú ag an soláthraí.

Ní mór do gach tuarascáil neamhspleách mheastóireachta réasúnaíocht a chur ar fáil d'aon choinníollacha agus moltaí speisialta beartaithe don soláthraí mar aon leis an gconclúid fhoriomlán.

Ní mór an próiseas neamhspleách mheastóireachta a bheith leagtha amach sa tuarascáil agus na measúnóirí a bheith sainaitheanta mar aon le haon leasanna a dhearbhaigh siad (baineann seo le coinbhleachtaí leasa a sheachaint).

## 6.1 MEASTÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Ní mór do gach measúnóir a bheith oibiachtúil agus neamhspleách ar an gclár agus a sholáthraithe m.sh. saor ó choinbhleachtaí leasa.

Ní mór gach leas gaolmhar a dhearbhú sa tuarascáil neamhspleách mheastóireachta agus foilseofar é.

Ní mór do mheastóirí neamhspleácha a bheith inniúil chun moladh a dhéanamh ar cibé ar chóir an clár a bhailíochtú (féach an réamhrá le haonad (6)). Ciallaíonn inniúlacht an cumas breithiúnais a dhéanamh i gcomparáid le critéir infheidhme an QQI le haghaidh bailíochtú. Go sonrach, roghnófar measúnóir nó grúpa measúnóirí a mheastar a bhfuil an inniúlacht acu cibé moladh a dhéanann siad a chosaint (féach an réamhrá le haonad (6)).

Go tipiciúil, beidh saineolas ag grúpaí (painéil) meastóireachta i réimse disciplíne an chláir agus i réimsí cineálacha lena n-áirítear oideolaíocht, measúnú, dearbhú cáilíochta agus gach réimse eile a léirítear i gcritéir an QQI le haghaidh bailíochtú.

Déanfaidh an QQI cinneadh maidir le líon na meastóirí agus na hinniúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth maidir leis an gclár i dtrácht agus le caighdeáin ábhartha dámhachtainí an QQI. I gcás cláir áirithe is féidir go mba leor meastóir amháin nó beirt, ach theastódh grúpa de thriúr meastóirí nó níos mó i gcás ina bhfuil caighdeáin infheidhme dámhachtainí an QQI cinnte mar chaighdeáin ghinearálta (.i. níor shainigh an QQI na torthaí foghlama ionchasacha i bhfoirm mhionshonraithe, rud a thugann deis léirmhínithe mar is gnách i gcás caighdeáin dámhachtainí AOO).

Cuirfear oiliúint ar fáil do mheasúnóirí neamhspleácha i gcás ina measann an QQI gur gá sin.

Measúnóir a bhraitheann nach bhfuil an inniúlacht aige/aici chun iarratas a mheas, níor cheart dó/di glacadh le cuireadh chun gníomhú nó má bhraitear amhlaidh tar éis an cuireadh a ghlacadh, nó má bhíonn coinbhleacht leasa ann, ní mór é sin a chur in iúl don QQI gan mhoill.

## 6.2 FREAGRACHT CHINEACHTA AS TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH MHEASTÓIREACHTA A SHOCRÚ

Féadfaidh an QQI roinnt den fhreagracht a chineachadh ar an soláthraí i dtrácht as tuarascáil neamhspleách mheastóireachta a shocrú. Ní mór muinín a bheith ag an QQI go bhfuil an soláthraí inniúil, acmhainnithe agus iontaofa a dhóthain chun

próiseas den sórt sin a bhainistiú go hoibiachtúil agus go gceapann sé dóthain clár nua le go mbeadh sé inchosanta na nósanna imeachta riachtanacha a bhunú. Ní mór na socruithe seo a bhunú go foirmiúil trí mheabhrán sínithe comhaontaithe idir an QQI agus an soláthraí. Ní bheidh aon pháirt ag iarratasóirí i gcás ar bith i gcinntí le haghaidh bailíochtú a dhéanamh maidir lena gcláir féin.

## 6.3 TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH MHEASTÓIREACHTA A CHOIMISIÚNÚ

Dála aonad (6.2), féadfaidh an QQI freagracht a shannadh ar dhaoine neamhspleácha nó ar eagraíochtaí (atá saor ó choinbhleachtaí leasa) chun tuarascáil neamhspleách mheastóireachta a shocrú.

## 6.4 FREAGRA AN TSOLÁTHRAÍ AGUS CRÍOCHNÚ NA TUARASCÁLA

Tar éis don QQI tuarascáil neamhspleách mheastóireachta a fháil, cuirfear ar fáil don soláthraí é. Iarrfar ar an soláthraí:

- Tuairim a thabhairt ar a chruinne atá fíricí na tuarascála neamhspleáiche meastóireachta;
- Freagra ghearr a thabhairt ar na torthaí ginearálta (m.sh. cibé an nglacann an soláthraí leo);
- Aon doiciméid agus pleananna mionathraithe ina ndírítear ar choinníollacha réamhbhailíochtaithe a mholtar sa tuarascáil a chur isteach.

Is féidir go dtabharfar cuireadh don mheasúnóir (nó grúpa) neamhspleách chun ráiteas forlíontach a dhéanamh ar fhreagra an tsoláthraí a chuirfí san áireamh sa tuarascáil mar iarmhír. Ina dhiaidh sin, tabharfar an tuarascáil neamhspleách mheastóireachta chun críche (i gcomhairle leis an measúnóir (nó grúpa) neamhspleách agus an soláthraí).

I gcás ina mbíonn coinníollacha agus moltaí speisialta i gceist i mbailíochtú a chinneann an QQI, de ghnáth beifear ag súil ó sholáthraithe go gcuirfidh siad pleananna ar fáil don QQI faoin tslí ina ndíreofar orthu siúd, mar aon le doiciméid mhionathraithe maidir leis an gclár. Ní gá iad seo a sholáthar in éineacht leis an bhfreagra gearr a luadh ag tús an fho-aonaid seo ach amháin sa chás gur mian leis an soláthraí díriú ar choinníollacha beartaithe réamhbhailíochtaithe.

## 6.5 NEAMHAIRD AN QQI AR THUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH MHEASTÓIREACHTA

Féadfaidh an QQI neamhaird a dhéanamh de thuarascáil neamhspleách mheastóireachta nó é a dhiúltú más amhlaidh nach bhfuil sé sásta go bhfuil an tuarascáil ag teacht le beartas agus critéir an QQI le haghaidh bailíochtú nó mura bhfuil muinín ag an QQI as aon ghné den phróiseas neamhspleách meastóireachta.

De ghnáth, tionscnóidh an QQI próiseas nua neamhspleách meastóireachta i gcás mar sin.

Féadfaidh an QQI iarraidh ar an iarratasóir meastóireacht neamhspleách iomlán nua a thionscnamh má bhainistigh an t-iarratasóir an próiseas faoi alt (6.2). De rogha air sin, féadfaidh an QQI, i gcásanna eisceachtúla, próiseas neamhspleách meastóireachta nua a bhainistiú é féin.

## 7 IARRATAS AR BHAILÍOCHTÚ A CHINNEADH

Féachann an QQI le hiarratais ar bhailíochtú a chinneadh laistigh de 25 seachtaine den iarratas iomlán a fháil más amhlaidh nach n-iarrtar aon fhaisnéis fhorlíontach dhoiciméadach chun an t-iarratas a chinneadh.

Tá feidhm ag prionsabail an cheartais nádúrtha maidir le cinneadh a dhéanann an QQI ar iarratas ar bhailíochtú.

Agus a chinneadh á dhéanamh, seo mar a dhéanfaidh an QQI

- Breithneofar torthaí an phróisis le haghaidh bailíochtú, lena n-áirítear tuarascáil neamhspleách mheastóireachta mar aon le freagra an iarratasóra ar an tuarascáil;
- Féadfaidh sé aon fhaisnéis eile a fuarthas i dtaobh an phróisis a bhreithniú;
- Féadfaidh sé cuntas de sheoladh an phróisis agus a bhfuil ann a bhreithniú, ag cur aon údar imní nó gearán a rinne an t-iarratasóir san áireamh.

**Bíonn bailíochtú on QQI faoi réir coinníollacha i gcónaí (féach aonad (9)). Féadfaidh sé a bheith faoi réir coinníollacha speisialta, mar a shainmhínítear in aonad (6). Cuirfidh an QQI bailíochtú ar fáil do chlár i gcás ina sásaíonn an soláthraí (an t-iarratasóir) é (an QQI) go bhfaighidh foghlaimeoir cláraithe de chuid an tsoláthraí sin a chríochnaíonn an clár, an t-eolas, an scil agus an inniúlacht is gá chun dámhachtain den QQI atá á tairiscint i dtaca leis an gclár sin, a chosaint, agus más cuí, gur féidir an t-eolas, scil nó inniúlacht sin a léiriú. Ar an tslí chéanna, diúltóidh an QQI clár a bhailíochtú i gcás nár shásaigh an soláthraí é maidir leis na nithe sin. Má dhiúltaítear bailíochtú a thabhairt, tabharfaidh an QQI cúiseanna leis an diúltú.**

Seo mar a dhéanfaidh an QQI, i gcás iarratais:

1) tabharfar bailíochtú don chlár beartaithe faoi réir coinníollacha áirithe;
2) tabharfar bailíochtú don chlár beartaithe nó do chuid neamhspleách de, ar clár é, faoi réir coinníollacha lena n-áirítear coinníollacha speisialta;
3) diúltófar bailíochtú don chlár beartaithe.

Cuirfear scéala i scríbhinn maidir le cinneadh an QQI chuig an soláthraí a luaithe is féidir.

Féadfaidh soláthraithe achomharc a dhéanamh in aghaidh diúltú bailíochtaithe 3) nó diúltú páirteach 2); féach aonad (11).

Is cion é faoi Acht 2012 do sholáthraí fianaise bhréagach a sholáthar nó a mhaíomh go bréagach go bhfuil bailíochtú ón QQI faighte do chlár oideachais agus oiliúna. (alt 45(5) d'Acht 2012).

Ach féadfar cláir bheartaithe a mhargú d'fhoghlaimeoirí roimh a mbailíochtú tar éis an t-iarratas iomlán a bheith déanta ar choinníoll go ndeirtear go soiléir go bhfuil na cláir á dtairiscint faoi réir bhailíochtú ón QQI.

## 7.1 DEIMHNIÚ AR BHAILÍOCHTÚ

Cuirtear an bailíochtú in iúl don soláthraí trí dheimhniú ar bhailíochtú a eisiúint.

Áireofar ar an deimhniú ar bhailíochtú phríomhthréithe an chláir bhailíochtaithe ar nós:

1. Ainm an tsoláthraí
2. Teideal an chláir
3. Tús agus éag an eatraimh ar féidir foghlaimeoirí a chlárú ar an gclár bailíochtaithe lena linn
4. ID an chláir
5. Gearrchuntas ar an gclár
6. Na dámhachtainí QQI atá ar fáil (teidil agus cóid na ndámhachtainí)
7. Na caighdeáin dámhachtana QQI agus na sonraíochtaí dámhachtana infheidhme
8. Ionaid soláthar (le huaslíon agus íoslíon na bhfoghlaimeoirí)
9. Dlínsí an tsoláthair
10. Na spriocghrúpaí foghlama
11. Na modúlachtaí teagaisc agus foghlama
12. **Sceideal ceadaithe cláir**[7]
13. Coinníollacha an bhailíochtaithe (an t-aon ráiteas deifnídeach ar gach ceann de na coinníollacha a bhain le bailíochtú an chláir i dtrácht)

Coimeádfaidh an QQI cóip leictreonach den iarratas bhunaidh ar bhailíochtú agus aon leasuithe ar an gclár a rinneadh roimh an bhailíochtú.

Ní ceadmhach do sholáthraí tús a chur leis an gclár go dtí go mbíonn deimhniú ar bhailíochtú ina sheilbh aige.

Níor chóir don soláthraí talamh slán a dhéanamh de gur bailíochtaíodh an clár, faoi mar a tuairiscíodh é san iarratas, de bhrí, mar shampla, gur féidir go dtabharfaidh an QQI bailíochtú dó faoi réir coinníollacha speisialta (féach aonad (6) agus an réamhrá le haonad (7)). Ní bhailíochtaítear rud ar bith nach bhfuil cuimsithe go sainráite sa deimhniú ar bhailíochtú (.i. diúltaítear an bailíochtú) fiú má ba chuid d'iarratas an tsoláthraí é.

## 7.2 FOILSIÚ NA TUARASCÁLA NEAMHSPLEÁICHE MEASTÓIREACHTA

Is torthaí substaintiúil ar an bpróiseas le haghaidh bailíochtú iad an tuarascáil neamhspleách mheastóireachta in éineacht le cinneadh an QQI maidir le bailíochtú agus an deimhniú ar bhailíochtú.

*7. Seo plean maidir leis an tslí a gcuirfear an clár ar fáil ar leibhéal modúil. Déantar cur síos ginearálta ar gach modúl, lena n-áirítear teideal, leithdháileadh creidiúintí, leibhéal den CNC más cuí, céim den chlár, cibé an bhfuil sé éigeantach nó roghnach, agus mar sin de. Cuirfear sainmhíniú níos cruinne ar fáil mar mhír ar leithligh i dtreoirlínte d'iarratasóirí.*

Foilseofar an tuarascáil tar éis dheireadh na tréimhse achomhairc ach amháin i gcás go ndéantar achomharc in aghaidh diúltú don bhailíochtú agus sa chás sin foilseofar an tuarascáil mura n-éiríonn leis an achomharc.

**I gcásanna áirithe, féadfar tuarascáil féinmheastóireachta an tsoláthraí a fhoilsiú faoi réir cheadú an tsoláthraí go háirithe má léirítear cleachtas eiseamláireach.**

### 7.3 FAISNÉIS THUAIRISCIÚIL AGUS RIARACHÁIN A FHOILSIÚ I DTAOBH AN CHLÁIR

Foilseofar faisnéis riaracháin áirithe, leis, lena n-áirítear faisnéis maidir le cinneadh an iarratais ar bhailíochtú, an clár agus na socruithe infheidhme chun cosaint a thabhairt d'fhoghlaimeoirí cláraithe.

## 8 ATHRUITHE IS FÉIDIR A DHÉANAMH AR CHLÁR BAILÍOCHTAITHE

Ní rud statach, reoite é clár bailíochtaithe. Meastar go ndéanfaidh na soláthraithe an breisiú agus an t-oiriúnú riachtanach ar chláir ó bhliain go bliain (féach, leis aonaid (9) agus (10)).

Tá teorainneacha leis an méid is féidir a athrú sular gá clár bailíochtaithe a chur ar aghaidh chuig an QQI lena bhailíochtú mar chlár nua.

Braithfidh na teorainneacha seo ar raon nósanna imeachta DC an tsoláthraí, faoi mar atá ceadaithe ag an QQI. Mar shampla, soláthraithe a bhfuil nósanna imeachta DC acu atá fónta a ndóthain chun tabhairt isteach ionad nua soláthair a láimhsiú, seans nach mbeidh orthu athiarratas a dhéanamh chuig an QQI ar bhailíochtú difreálach ar chlár mionathraithe chun a chumasú dó é a sholáthar ag an ionad nua nó chun socruithe nua soláthair a chumasú de bhrí gur cuireadh leathnuithe mar sin san áireamh nuair a bailíochtaíodh an clár den chéaduair. Féach aonad (17.12).

Is ionann athrú forleathan (.i. an-substaintiúil) ar chlár agus ceann as a leanann clár nua a chaithfear a bhailíochtú amhlaidh. Ní mór d'athrú ar bith a bheith ag teacht leis an gcaighdeán/na caighdeáin dámhachtana infheidhme ar bailíochtaíodh an clár i gcomparáid leis/leo. Is cinneadh é a bhunófar ar bhreithiúnas saineolaithe cibé an 'athrú forleathan' é athrú ar bith.

Samplaí 'd'athrú forleathan':

- Athrú a bhainfeadh an bonn de rud éigin a bhí riachtanach chun tacú leis an gcinneadh bunaidh maidir le bailíochtú.
- Deireadh a bheith curtha le haon chroí-thorthaí foghlama ceaptha den chlár.
- Athrú ar na riachtanais réamhriachtanacha foghlama le haghaidh clár ar leith.

Dhíreodh bailíochtú an chláir mhionathraithe ar an méid a athraíodh sa chlár bailíochtaithe óna ndíorthaíonn sé. Bailíochtú difreálach a thugtar ar an gcineál bailíochtaithe seo; féach aonad (2.6).

Féadfar rialacháin níos mionsonraithe maidir le hathruithe is ceadmhach a dhéanamh ar chláir bhailíochtaithe, a sholáthar i saindoiciméid beartais agus critéar le haghaidh bailíochtú.

Nóta: Ba chóir dul i gcomhairle leis an QQI i gcás amhrais faoi cibé an gclúdódh bailíochtú clár mionathraithe.

## 9 COINNÍOLLACHA MAIDIR LE BAILÍOCHTÚ

Bíonn coinníollacha ag gabháil le gach bailíochtú (féach thíos) Is féidir bailíochtú a athbhreithniú uair ar bith faoi alt 46 d'Acht 2012 agus ansin a aistarraingt faoi alt 47 d'Acht 2012 mura bhfuil coinníollacha an bhailíochtaithe á gcomhlíonadh.

### 9.1 NA COINNÍOLLACHA REACHTÚLA MAIDIR LE BAILÍOCHTÚ

Is iad na coinníollacha reachtúla (alt 45(3) d'Acht 2012) maidir le bailíochtú go ndéanfaidh soláthraí an chláir mar seo a leanas:

1. comhoibriú agus cabhrú leis an QQI chun feidhmeanna an QQI a chomhlíonadh a mhéad a bhaineann na feidhmeanna sin le feidhmeanna an tsoláthraí,
2. nósanna imeachta córa comhsheasmhacha a bhunú chun foghlaimeoirí cláraithe a mheasúnú le cinntiú go sealbhaítear na caighdeáin eolais, scile nó inniúlachta atá cinnte ag an QQI faoi alt 49(1), agus go léiríonn foghlaimeoirí cláraithe iad, nuair is cuí.
3. géilleadh i gcónaí d'alt 65 d'Acht 2012 i dtaca le socruithe chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint, más cuí, agus
4. aon eolas a iarrann an QQI ó am go chéile maidir le feidhmiú a fheidhmeanna, lena n-áirítear eolas maidir le rátaí críochnúcháin, a sholáthar don QQI.

### 9.2 COINNÍOLLACHA A BUNAÍODH FAOI 45(4)(b)

Is féidir bailíochtú cláir a bheith faoi réir coinníoll ginearálta amháin nó níos mó díobh seo a leanas maidir leis an gclár sin, nó coinníollacha eile, ginearálta nó sonracha, a mheasann an QQI, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, is cuí a fhorchur.

#### 9.2.1 Coinníoll den Bhailíochtú maidir le hAthrú ar Dhámhachtain QQI nó ar Chaighdeán Dámhachtana QQI

I gcás ina n-athraíonn an QQI teideal dámhachtana, sonraíocht dámhachtana nó caighdeán dámhachtana a mbraitheann clár air, ní chláróidh an soláthraí aon fhoghlaimeoirí breise ar na cláir i dtrácht ach amháin má fhaightear a mhalairt de scéala, i scríbhinn, ón QQI (m.sh. trí dheimhniú leasaithe ar bhailíochtú a eisiúint). Measfar an clár a bheith bailíochtaithe d'fhoghlaimeoirí atá cláraithe cheana ar an gclár i dtrácht.

#### 9.2.2 Fad Tréimhse an Chláraithe

Is ionann fad tréimhse an chláraithe agus **an t-eatramh** ar féidir foghlaimeoirí a chlárú ar an gclár bailíochtaithe lena linn.

Cinneann an QQI bailíochtú ar feadh líon sonraithe blianta cláraithe atá cuí don chlár i dtrácht mar a léirítear ar an deimhniú ar bhailíochtú faoi réir aonad (9.2.1). Is coinníoll é den bhailíochtú nach gcláraítear aon fhoghlaimeoirí nua lasmuigh den tréimhse seo. Gnáth-thréimhse bailíochtaithe is ea cúig bliana.

Más mian le soláthraí leanúint d'fhoghlaimeoirí a chlárú ar an gclár tar éis an phointe seo ní mór don soláthraí socrú tráthúil a dhéanamh le haghaidh athbhailíochtú an QQI, nó go heisceachtúil is féidir leis an soláthraí iarratas a dhéanamh ar shíneadh ar fhad tréimhse an chláraithe (aonad (14)). Sa chomhthéacs seo féadfaidh an soláthraí iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú an chláir ó thús, nó féadfaidh an soláthraí leas a bhaint as próiseas an athbhailíochtaithe (aonad (13)) ón QQI.

### 9.2.3 Coinníollacha Ginearálta

Seo mar a dhéanfaidh soláthraí an chláir:

1. Cinnteofar gurb ionann an clár mar a chuirfear chun feidhme é go hábhartha agus an clár bailíochtaithe; sainmhínítear difríocht ábhartha mar dhifríocht in aon ghné den chlár nó ina chur chun feidhme a bhí ábhartha maidir le critéir an QQI le haghaidh bailíochtú.
2. Cinnteofar go gcuirtear an clár ar fáil leis an bhfoireann agus na hacmhainní fisiceacha cuí mar a bailíochtaíodh é.
3. Cuirfear na nósanna imeachta DC scríofa maidir leis an gclár chun feidhme (mar atá ceadaithe ag an QQI).
4. Ní dhéanfar aon athrú suntasach ar an gclár gan ceadú roimh ré ón QQI (Féach aonad (8)).
5. Mura n-aontaíonn an QQI a mhalairt i scríbhinn, tosófar ar an gclár a chur chun feidhme, mar atá bailíochtaithe, agus ar fhoghlaimeoirí a chlárú laistigh de 18 mí den bhailíochtú.
6. Leanfar ar aghaidh maidir leis an gclár bailíochtaithe d'alt 56 d'Acht 2012 a chomhlíonadh maidir le nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú.
7. Déanfar an clár agus na nósanna imeachta maidir le measúnú foghlaimeoirí a chur chun feidhme de réir an Sceidil Cheadaithe Cláir agus scéala a chur chuig an QQI i scríbhinn maidir le haon leasuithe air seo, ag éirí as athruithe ar an gclár, féach aonad (9).
8. Agus an clár agus na dámhachtainí á bhfógairt agus á gcur chun cinn, úsáidfear teideal an chláir mar a bailíochtaíodh é, agus teideal/teidil, cineál(acha) dámhachtana agus aicme/aicmí dámhachtana cearta an QQI agus léireofar leibhéal na dámhachtana/na ndámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.
9. Cloífear le rialacháin agus nósanna imeachta an QQI i ndáil le teistiú.
10. Cuirfear scéala chuig an QQI gan mhoill i gcás:
    a. aon athrú ábhartha ar an gclár;
    b. rud ar bith a dhéanann difear d'iomláine nó do chlú an chláir nó na ndámhachtainí comhfhreagracha QQI;

c. rud ar bith a sháraíonn coinníollacha an bhailíochtaithe; nó

d. rud ar bith a d'fhéadfadh a thabhairt ar an QQI smaoineamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an bhailíochtú.

11. Cuirfear scéala chuig an QQI i scríbhinn chun impleachtaí chláir bhailíochtaithe an tsoláthraí a chinneadh, i gcás inar dócha, nó ina bhfuil sé beartaithe, ag an soláthraí comhcheangal (cumascadh) le haonán eile nó aonán eile a cheannach, nó a bheith ceannaithe ag aonán eile (féach aonad (12.5)).

12. Tuairisceofar don QQI nuair is gá nó nuair a iarrtar é, maidir le cur chun feidhme an chláir agus comhlíonadh choinníollacha an bhailíochtaithe.

### 9.2.4 Coinníollacha ag Éirí as Sain-Bheartais agus Critéir le haghaidh Bailíochtú

Féadfaidh sainbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú coinníollacha a shonrú a mhéadaíonn liosta na gcoinníollacha ginearálta atá leagtha amach sa doiciméad seo.

### 9.2.5 Coinníollacha Speisialta

Féadfaidh an tuarascáil neamhspleách mheastóireachta coinníollacha speisialta a mholadh le cur a ghabháil leis an mbailíochtú. Féadfaidh an QQI coinníollacha speisialta a cheangal dá chinneadh ar bhailíochtú.

## 10 MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR CHOINNÍOLLACHA AN BHAILÍOCHTAITHE

Déanann an QQI monatóireacht ar chláir bhailíochtaithe (alt 9(d) d'Acht 2012).

Dírítear sa mhonatóireacht ar cibé an bhfuil na coinníollacha maidir leis an mbailíochtú á gcur chun feidhme go sásúil; féach aonad (9) mar aon le haon choinníollacha speisialta a fhorchuireann an QQI de bhun na tuarascála neamhspleáiche meastóireachta.

Bunófar an cur chuige seo i leith na monatóireachta ar

- Leibhéal na héiginnteachta atá i gceist;
- Cothromú an riosca ar fud na gclár atá bailíochtaithe ag an QQI; agus
- Beartas an QQI um Monatóireacht.

Is féidir le monatóireacht a bheith ina thruicear le hathbhreithniú ar bhailíochtú faoi alt 48 d'Acht 2012.

## 11 DIÚLTÚ DO BHAILÍOCHTÚ AGUS ACHOMHARC

I gcás ina ndiúltaíonn an QQI clár oideachais agus oiliúna a bhailíochtú tabharfaidh sé cúiseanna leis an diúltú. Féadfaidh soláthraí an chláir achomharc a dhéanamh in aghaidh diúltú chuig an bPainéal Achomharc (alt 45(4) d'Acht 2012).

Gheofar faisnéis ar an bpróiseas achomhairc ar shuíomh gréasáin an QQI.

Má iarrtar é, beidh cruinniú ag an QQI le hiarratasóir neamhrathúil tar éis an diúltaithe chun aiseolas a thabhairt ar na cúiseanna leis an diúltú.

# 12 ATHBHREITHNIÚ AGUS AISTARRAINGT AN BHAILÍOCHTAITHE

## 12.1 BAILÍOCHTÚ A AISTARRAINGT TAR ÉIS ATHBHREITHNIÚ AR CHLÁR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Féadfaidh an QQI, uair ar bith, clár oideachais agus oiliúna atá bailíochtaithe aige a athbhreithniú (alt 46 d'Acht 2012).

Déanfar bailíochtú a aistarraingt tar éis athbhreithniú, faoi alt 46 d'Acht 2012, de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 47 d'Acht 2012.

I gcás ina n-aistarraingíonn an QQI bailíochtú maidir le clár oideachais agus oiliúna soláthraí faoi fho-alt (3) d'alt 47 d'Acht 2012, féadfaidh soláthraí an chláir an diúltú a achomharc chuig an bPainéal Achomharc (alt 45(4) d'Acht 2012).

Gheofar ar shuíomh gréasáin an QQI faisnéis ar an tslí le haistarraingt bailíochtaithe a achomharc faoi alt 47 d'Acht 2012.

## 12.2 BAILÍOCHTÚ A AISTARRINGT DE BHARR AISTARRAINGT CEADAITHE MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA SOLÁTHRAÍ

Féadfaidh an QQI ceadú do nósanna imeachta DC soláthraí a aistarraingt faoi fho-alt (4) d'alt 36 d'Acht 2012. I gcás mar sin, déanfaidh an QQI, trí fhógra i scríbhinn a dhíreofar chuig an soláthraí, bailíochtú maidir le haon chláir a bailíochtaíodh faoi alt 45 d'Acht 2012 a aistarraingt, díreach mar a fhorordaítear é faoi alt 36(7) d'Acht 2012. Féadfaidh an soláthraí diúltú den sórt sin a achomharc chuig an bPainéal Achomharc (alt 36(6) d'Acht 2012).

## 12.3 BAILÍOCHTÚ A AISTARRAINGT DE BHARR AISTARRAINGT CEADAITHE MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA UM ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ

Féadfaidh an QQI ceadú do nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú soláthraí a aistarraingt faoi fho-alt (4) d'alt 59 d'Acht 2012. I gcás mar sin, déanfaidh an QQI, trí fhógra i scríbhinn a dhíreofar chuig an soláthraí, bailíochtú maidir le haon chláir a bailíochtaíodh faoi alt 45 d'Acht 2012 a aistarraingt, díreach mar a fhorordaítear é faoi alt 59(7) d'Acht 2012. Féadfaidh an soláthraí diúltú den sórt sin a achomharc chuig an bPainéal Achomharc (alt 59(6) d'Acht 2012).

## 12.4 FOGHLAIMEOIRÍ A ÉASCÚ CHUN CLÁR A CHRÍOCHNÚ (PEL)

I gcás ina n-iarrann an QQI cúnamh ó sholáthraí ábhartha faoi alt 66(2) d'Acht 2012, féadfaidh sé, le comhaontú an tsoláthraí bhunaidh, aistriú aon chuid den chlár atá fágtha a éascú ón soláthraí bunaidh chuig an soláthraí sin ar mhaithe le foghlaimeoirí a éascú chun an cháilíocht a bheadh acu, dá mba rud é nár éirigh an chéad soláthraí as an gclár a sholáthar nó nár theip air an clár a sholáthar, a ghnóthú.

A luaithe atá na socruithe déanta chun clár a bhunú ar mhaithe le cabhrú leis an QQI faoi alt 66(3) d'Acht 212, ní mór don soláthraí glactha iarratas ar bhailíochtú a dhéanamh.

Cuirfidh an QQI dlús le meastóireacht ar na socruithe agus cinnfear an bailíochtú le cinneadh den fheidhmeannacht chun gur féidir na cláir a atosú gan mhoill ar son na bhfoghlaimeoirí i dtrácht. Ní ghearrfar táille iarratais ar iarratas ar bhailíochtú i gcás mar seo. Níor ghá do sholáthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu nó comhlachtaí ainmnithe dámhachtana iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú má tá siad sásta an dámhachtain a dhéanamh iad féin.

Bheadh coinníollacha ag gabháil le bailíochtú agus ní bhainfeadh an bailíochtú ach amháin leis na foghlaimeoirí i dtrácht.

### 12.5 CUMAISC AGUS ÉADÁLACHA

I gcás soláthraí, a bhfuil bailíochtú aige ón QQI dá chláir, agus ar dócha go gcumascfar (go gcomhnascfar) é, nó a bhfuil sé sin beartaithe aige, le haonán eile, nó aonán eile a cheannach nó é féin a dhíol le haonán eile, ba chóir é sin a chur in iúl don QQI i scríbhinn chun gur féidir leis na himpleachtaí do chláir bhailíochtaithe an tsoláthraí a mheas.

## 13 ATHBHAILÍOCHTÚ

Bíonn coinníollacha ag gabháil le bailíochtú i gcónaí. Anuas air sin, bíonn gach cinneadh ar bhailíochtú faoi réir coinníll maidir le fad tréimhse an chláraithe; cúig bliana a bhíonn i gceist, de ghnáth. Is ionann fad tréimhse an chláraithe agus an t-eatramh ar féidir foghlaimeoirí a chlárú ar an gclár bailíochtaithe lena linn; féach aonad (9.2.2).

Is féidir bailíochtú a athbhreithniú uair ar bith faoi alt 46 d'Acht 2012 agus ansin is féidir é a aistarraingt faoi alt 47 d'Acht 2012 mura bhfuil coinníollacha an bhailíochtaithe á gcomhlíonadh.

Is ionann athbhailíochtú agus bailíochtú a dhéanann an QQI ar chlár atá tagtha chun cinn nó a d'éirigh as clár a bhailíochtaigh an QQI roimhe sin (is féidir go mbeadh an clár bunaidh ag pointe inar gá, mar shampla, mionathruithe suntasacha nó nuashonrú a dhéanamh air, a fhágann gur clár nua atá ann ar deireadh).Is gá athbhailíochtú, leis, sna cásanna seo a leanas: cláir ar a leanfar ar aghaidh d'fhoghlaimeoirí a chlárú tar éis éag fhad tréimhse an chláraithe. Leanann clár bailíochtaithe as, atá bunaithe a mhórchuid ar an gclár a bailíochtaíodh roimhe seo. Mar sin ní iarrann an QQI ar sholáthraí iarratas de novo ar bhailíochtú a dhéanamh i gcás clár den sórt sin. Ba chóir don soláthraí ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh athbhailíochtú tamall maith roimh éag na tréimhse sonraithe ar féidir foghlaimeoirí a chlárú lena linn (coinníoll fhad an chláraithe) le leanúnachas an tsoláthair d'fhoghlaimeoirí a chinntiú.

Is iad seo a leanas na príomhchéimeanna chun iarratas a dhéanamh ar athbhailíochtú:

A. Féinmheastóireacht a dhéanann an soláthraí ar a chlár féin.

B. Iarratas chuig an QQI

C. Meastóireacht neamhspleách ar an gclár

D. Cinneadh an QQI ar an iarratas

Is féidir cláir chomhchosúla a mheas i dteannta a chéile ar mhaithe le bailíochtú ar choinníoll nach mbaintear ó cháilíocht na féinmheastóireachta nó na bpróiseas neamhspleách meastóireachta.

Is deis é athbhailíochtú chun nuashonrú agus mionathrú substaintiúil a dhéanamh ar an gclár bunaidh. In athbhailíochtú, baintear leas as fianaise atá ar fáil ó sholáthar an chláir san am atá thart (clár ar a bhfuil an clár beartaithe bunaithe).. Mar shampla, beidh faisnéis cháilíochtúil agus faisnéis chainníochtúil ar fáil maidir lena éifeachtaí a bhí an clár. Is féidir go mbeadh sonraí maidir le clárú foghlaimeoirí; sonraí fágála agus críochnúcháin; forchéimniú céimithe isteach i bhfostaíocht nó i gcláir oideachais eile; agus meastóireacht ar an gclár ó fhoghlaimeoirí, oidí, oiliúnóirí agus fostóirí san áireamh anseo. Ní mór úsáid iomlán éifeachtach a bhaint as an bhfianaise bhreise i meastóireacht an tsoláthraí ar an gclár beartaithe (athcheartaithe) i gcomparáid le critéir an QQI le haghaidh bailíochtú.

Féadfaidh an QQI bailíochtú a dhiúltú ar na forais nach ndíríonn an t-iarratas ar na critéir infheidhme le haghaidh bailíochtú. Is faoin iarratasóir atá sé cás iomlán a chur i láthair, agus ní bhíonn an mheastóireacht ar an iarratas ar athbhailíochtú níos éadroime ar chor ar bith ná in iarratas ar bhailíochtú i gcás cláir nua.

Moltar cur chuige comhordaithe maidir le cláir a úsáideann curaclam i bpáirt mar is amhlaidh i gcás ina gcuirtear cláir den sórt sin i láthair ag iarraidh bailíochtú den chéad uair, m.sh. féadfaidh soláthraí amháin iarratas a dhéanamh ar athbhailíochtú agus tar éis an próiseas a chríochnú go rathúil, féadfaidh soláthraithe eile a bhfuil an curaclam nuashonraithe céanna acu, a n-iarratas ar athbhailíochtú a dhíriú ar na tosca sainsoláthraí.

## 13.1 IARRATAS AR ATHBHAILÍOCHTÚ A DHÉANAMH

I ngach iarratas ar athbhailíochtú ní mór an fhaisnéis a iarrtar i gcás iarratais ar bhailíochtú do chlár nua a sholáthar (aonad 5.5) mar aon le

- Doiciméid a léiríonn go bhfuil na réamhriachtanais bunaithe; aonad (5.1);
- Doiciméid an chláir nuashonraithe agus doiciméid tacaíochta; féach aonad (5.3);
- Tuarascáil mheastóireachta an tsoláthraí (ina n-úsáidtear an fhianaise a fuarthas ón gclár a sholáthar aonad (5.4) agus (13));
- Na táillí infheidhme maidir le hathbhailíochtú;
- Nuair is infheidhme, téarmaí beartaithe tagartha na tuarascála neamhspleáiche meastóireachta, féach aonad (13.2).

Ní mór díriú sna doiciméid tacaíochta agus i dtuarascáil mheastóireachta an tsoláthraí, agus i gcás gur cuí, sa tuarascáil neamhspleách mheastóireachta, ar na critéir chuí le haghaidh bailíochtú agus fianaise a fuarthas ón gclár a sholáthar a úsáid agus a chur san áireamh.

Is féidir riachtanais bhreise nó riachtanais mhionléirithe a bheith leagtha amach sna saindoiciméid bheartais agus critéar le haghaidh bailíochtú, i dtreoirlínte agus i nósanna imeachta oibríochtúla an QQI (córais bhogearraí san áireamh).

### 13.2 SOLÁTHAIR MAIDIR LE hATHBHAILÍOCHTÚ I NÓSANNA IMEACHTA DC CEADAITHE

**Féadfaidh an QQI nósanna imeachta DC a eisiúint maidir le hathbhailíochtú clár as a leanann dámhachtainí an QQI.**

Mura ndeirtear a mhalairt sna saindoiciméid beartais agus critéar le haghaidh bailíochtú, féadfaidh an QQI athbhailíochtú an chláir a chinneadh, faoi réir chomhaontú scríofa idir an QQI agus an soláthraí i dtrácht (mar a thuairiscítear in aonad (7)) ag breithniú tuarascáil neamhspleách mheastóireachta arna ullmhú de réir aonaid (6) agus (13) agus nósanna imeachta DC an tsoláthraí atá ceadaithe ag an QQI.

Áireofar ar an gcomhaontú scríofa dá dtagraítear thuas na téarmaí tagartha faoina soláthrófar tuarascáil neamhspleách mheastóireachta.

Is éagsúlú é an socrú seo ar fhreagracht chineachta faoina socraítear an tuarascáil neamhspleách mheastóireachta (aonad (6.2)). Ní bhaineann an próiseas faoina dtáirgtear tuarascáil neamhspleách mheastóireachta, a thuairiscítear anseo, le bailíochtú clár nua.

### 13.3 MEASTÓIREACHT NEAMHSPLEÁCH ARNA BAINISTIÚ AG AN QQI

Mura ndéanann an soláthraí ullmhú na tuarascála neamhspleáiche meastóireachta a bhainistiú, is amhlaidh go mbainisteoidh an QQI é. Is féidir impleachtaí a bheith aige sin don táille a ghearrfar.

### 13.4 GNÉITHE EILE DEN PHRÓISEAS MAIDIR LE hATHBHAILÍOCHTÚ

Baineann gach céim eile sa phróiseas le hathbhailíochtú, mar cuimsítear bailíochtú in athbhailíochtú. Áirítear air sin (*inter alia*) na socruithe maidir le cinneadh iarratais ar athbhailíochtú agus maidir le hathbhreithniú, aistarraingt, agus achomharc.

Foilseoidh an QQI an tuarascáil neamhspleách mheastóireachta.

## 14 SÍNEADH AR FHAD TRÉIMHSE AN CHLÁRAITHE I gCÁS CINNIDH MAIDIR LE BAILÍOCHTÚ

Is ionann fad tréimhse an chláraithe agus an t-eatramh ar féidir foghlaimeoirí a chlárú ar an gclár bailíochtaithe lena linn; féach aonad (9.2.2).

Go heisceachtúil agus i gcás ina bhfuil forais neamhghnácha an-láidre ann, féadfaidh an soláthraí síneadh ar fhad tréimhse an chláraithe a iarraidh. Ó bheadh iarratas den sórt sin ag iarraidh éagsúlú ar cheann de choinníollacha an bhailíochtaithe, bheadh deonú an tsínithe sin faoi lánrogha an QQI amháin, agus faoi réir aon choinníll a mheasfadh an QQI a bheith cuí sa chás i dtrácht.

## 15 GEARÁIN

Is féidir gearáin a dhéanamh de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCairt an QQI do Chustaiméirí agus sna doiciméid a bhaineann le Gearáin maidir le Seirbhís.

## 16 SOCRUITHE EATRAMHACHA

Gabhfaidh na beartais agus na critéir le haghaidh bailíochtú, atá beartaithe anseo, nuair a thiocfaidh siad i bhfeidhm, áit an bheartais agus na gcritéar reatha le haghaidh bailíochtú, a gcuirfear deireadh leo de réir a chéile ag brath ar sceidealú an tús feidhme i gcás clár difriúil nó aicmí difriúla clár[8].

Foilseofar roimh ré ar shuíomh gréasáin an QQI sceideal thús feidhme na socruithe nua chun dóthain ama a thabhairt do sholáthraithe an t-athrú a dhéanamh.Díreofar go háirithe ar aistriú réidh comhordaithe a chinntiú sna hearnálacha sin inar mó an t-athrú.

### 16.1 EAGRÚ BEARTAITHE BHEARTAS AGUS CHRITÉIR NUA AN QQI LE hAGHAIDH BAILÍOCHTÚ

**Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú**

- Bunbheartais agus Critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do Chláir Oideachais agus Oiliúna (baineann sé seo le cách agus is leor é do mhórchuid clár BOO agus AOO as a leanann dámhachtainí an QQI, nuair is caighdeáin ghinearálta dámhachtana a chuirtear chun feidhme)

I gcás clár ar leith, is féidir é a bhreisiú le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: doiciméid sainbheartais agus critéar le haghaidh bailíochtú (agus doiciméid ghaolmhara):

- Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí den Chomhchóras Dámhachtainí (CAS) (ceangailte den doiciméad seo)
- Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú clár atá dírithe ar inniúlacht teanga
- Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú clár comhoibritheacha agus clár trasnáisiúnta agus clár as a leanann comhdhámhachtainí
- Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú clár céime taighde

Is féidir go ndíreofar i ndoiciméid eile a bhfuil súil leo ón QQI agus a mbeadh dlúthbhaint acu le beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú:

- Treoirlínte maidir le hullmhúcháin um athbhailíochtú clár as a leanann dámhachtainí an QQI
- Treoirlínte, coinbhinsiúin agus prótacail mheasúnaithe maidir le cláir as a leanann dámhachtainí an QQI
- Treoirlínte maidir le mionathrú ar mheasúnú
- Coinbhinsiúin agus prótacail meastóirí
- Coinbhinsiúin agus prótacail maidir le carnadh creidiúintí

*8. Deirtear in alt 44(3) d'Acht 2012: Féadfaidh an tÚdarás beartais agus critéir éagsúla a bhunú chun cláir éagsúla oideachais agus oiliúna nó aicmí éagsúla clár oideachais agus oiliúna a bhailíochtú.*

## CUID 2

## 17 NA BUNCHRITÉIR LE HAGHAIDH BAILÍOCHTÚ[9]

### Úsáid na gcritéar

I bhfoirm ráiteas a mheastar a bheidh fíor má dhéantar clár oideachais agus oiliúna (clár) an tsoláthraí a bhailíochtú agus a chur chun feidhme. Baineann an téarma clár anseo leis an gclár iomlán a chuirtear ar aghaidh lena bhailíochtú.

Féadtar cláir a roinnt ina gcláir pháirteacha agus dámhachtain níos lú ar fáil dóibh siúd nach gcríochnaíonn ach cuid den chlár.

Is féidir clár páirteach as a leanann mórdhámhachtain (nó aon dámhachtain nach miondámhachtain é) a bheith neadaithe i gclár. Clár leabaithe a thugtar ar chlár den sórt sin. Dámhachtain leabaithe[10] a thugtar ar dhámhachtain den sórt sin.

Próiseas casta é cláir as a leanann mórdhámhachtaí a neadú má dhírítear an clár iomlán ar chohóirt chumais mheasctha, gur mór eatarthu. An chúis leis sin ná go bhféadfadh rátaí foghlama na ngrúpaí atá ag díriú ar dhámhachtainí leabaithe éagsúla a bheith an-éagsúil. Más gá do na grúpaí uile dul chun cinn a dhéanamh ar an ráta céanna ansin (i) méadóidh an ráta fágála, nó (ii) beidh na mic léinn is mó cumais in ann dul chun cinn a dhéanamh gan an iarracht chéanna agus na mic léinn laga (agus féadfaidh siad a bheith díspreagtha dá bharr), nó (iii) titfidh na caighdeáin. Is féidir go mbeidh cláir ina bhfuil dámhachtainí leabaithe níos faide ná cláir gan iad.

Is féidir cláir agus cláir leabaithe a fhoroinnt ina gcláir pháirteacha bheaga ar a dtugtar modúil. Féadfaidh críochnú na modúl miondámhachtain ón QQI a thuilleamh, ach ba chóir a chur san áireamh go dtagann méadú suntasach ar an méid foghlama is gá chun miondámhachtain a bhaint amach ó leibhéal amháin den CNC go dtí an chéad leibhéal eile, agus níl miondámhachtainí ar fáil ar chor ar bith ar leibhéal dochtúireachta. Baintear úsáid as miondámhachtainí go forleathan san oideachas agus san oiliúint.

Féadfaidh feidhm a bheith ag na critéir maidir le cláir i gcás na gclár leabaithe, leis. Ní dhéanfar é sin a shainrá i ngach áit de bhrí go gcuirfeadh sé an iomarca castachta le cur i láthair na gcritéar. Déantar cur síos ar an gcur chuige sin i gcuid de na critéir na ba luaithe, mar léiriú.

Cuirtear tacaíocht bhreise míniúcháin i gcás critéar áirithe ar fáil sna fonótaí maidir le critéir.

Ní mór díriú ar na critéir seo le haghaidh bailíochtú agus ar na critéir bhreisithe ó shaindoiciméid infheidhme beartais agus critéar le haghaidh bailíochtú i gcónaí i bhfoirm:

- tuarascáil mheastóireachta an tsoláthraí agus
- tuarascáil neamhspleách mheastóireachta.

*9. Ní critéir bhunaidh iad seo agus tá siad bunaithe ar fhoinsí iolracha, lena n-áirítear "Lámhleabhar na Soláthraithe BOO: Tacú le bainistíocht inmheánach na cáilíochta agus cultúr cáilíochta" (Handbook for VET providers: Supporting internal quality management and quality culture") agus na "Caighdeáin agus Treoirlínte le haghaidh Dearbhú Cáilíochta sa Réimse Eorpach um Ardoideachas" (Standards and Guidelines for Quality Assurance in the European Higher Education Area (ESG)*

*10. Is ionann dámhachtain leabaithe agus dámhachtain den QQI a d'fhéadfaí a thairgeadh maidir le clár leabaithe.*

- Ní ghlacfar le freagraí ginearálaithe, freagraí nach mbaineann le clár ar leith, ná le freagraí éiginnte, débhríocha, frithráiteacha nó seachantacha a dhéanfadh an soláthraí nó na meastóirí ar na critéir agus féadfaidh aon cheann díobh seo a bheith ina thoradh air:
- diúltú do bhailíochtú má nochtann siad i dtuarascáil mheastóireachta an tsoláthraí agus diúltú an QQI don tuarascáil neamhspleách mheastóireachta.

Ba chóir de na tuarascálacha seo dul trí gach ceann de na 12 ráiteas critéir, i ndiaidh a chéile, agus míniú a thabhairt ar an tslí ina gcomhlíonann an clár an critéar sin. Ba chóir díriú ar na ráitis fochritéir, leis, nuair is infheidhme.

**Ba chóir d'iarratasóirí a nótáil gur féidir bailíochtú a dhiúltú mura léirítear gach ceann de na critéir agus na fochritéir a bheith comhlíonta.**

**Is féidir go dtairgfidh roinnt soláthraithe móra clár in ionaid iolracha. I gcás soláthraithe mar sin, beifear ag súil le nósanna imeachta DC a bheith acu le cinneadh a dhéanamh faoi cé acu de na hionaid atá acmhainneach agus in ann an clár a sholáthar. Ní gá don iarratas ar bhailíochtú díriú go neamhspleách ar na critéir i gcás gach aonaid ach ba chóir roinnt ionad ionadach a roghnú chun an cás maidir le bailíochtú a dhéanamh i gcomparáid le liosta iomlán na gcritéar.**

## 17.1 TÁ AN SOLÁTHRAÍ CÁILITHE CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR BHAILÍOCHTÚ AN CHLÁIR

a. Comhlíonann an soláthraí na réamhriachtanais (alt 44(7) d'Acht 2012) chun iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú an chláir sin.

b. Tá an t-iarratas ar bhailíochtú sínithe ag príomhfheidhmeannach an tsoláthraí (nó a chomhionann) a dheimhníonn go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh ar fáil fíor agus gur díríodh ar gach ceann de na critéir is infheidhme.

c. Tá dearbhaithe ag an soláthraí go gcomhlíonann a chlár na riachtanais infheidhme reachtúla, rialála agus na riachtanais maidir le comhlacht gairmiúil.[11]

## 17.2 TÁ CUSPÓIRÍ AGUS TORTHAÍ AN CHLÁIR SOILÉIR AGUS AG TEACHT LEIS NA DÁMHACHTAINÍ QQI ATÁ Á LORG

a. Mínítear aidhmeanna agus cuspóirí an chláir i bhfocail shimplí.

b. Sonraítear dámhachtain den QQI dóibh siúd a chríochnaíonn an clár.

   i. Nuair is cuí, sonraítear dámhachtain den QQI i gcás gach cláir leabaithe.

c. Tá réasúnaíocht shásúil ann do roghnú na dámhachtana/na ndámhachtainí QQI.

d. Tá teideal/teidil na dámhachtana ag teacht le haonad (3.1) de Bheartas agus Critéir an QQI maidir le Dámhachtainí a Dhéanamh.

e. Tá teideal/teidil na dámhachtana/ndámhachtainí dleathach ar gach slí eile, mar shampla, ní mór dó na riachtanais infheidhme reachtúla, rialála agus na riachtanais maidir le comhlacht gairmiúil a chomhlíonadh.

*11. Tá an critéar seo ann le cinntiú gur féidir an clár a sholáthar i ndáirire agus nach gcuirfear stop leis as an dlí a shárú. Lorgaítear an dearbhú le cinntiú nach ndéantar neamhaird de sin ach ní hé an QQI atá freagrach as an dearbhú seo a fhíorú ná as comhlíonadh na riachtanas a fhorfheidhmiú.*


Aibreán 2016/QP.17-V1 © QQI

f. Tá teideal an chláir agus aon teidil cláir leabaithe

  i. Ag teacht le teideal na dámhachtana QQI atá á lorg.

  ii. Soiléir, cruinn, gonta agus oiriúnach don fheidhm, is é sin foghlaimeoirí ionchasacha agus geallsealbhóirí eile a chur ar an eolas.

g. I gcás gach cláir agus cláir leabaithe

  i. Sonraítear go sainráite íostorthaí foghlama ceaptha agus aon chuspóirí eile oideachais nó oiliúna atá ag an gclár seo.[12]

  ii. Tá na híostorthaí foghlama ceaptha chun cáiliú don dámhachtain QQI iarrtha ag teacht le caighdeáin dhámhachtainí ábhartha an QQI.

h. I gcás is infheidhme, tá íostorthaí foghlama ceaptha an mhodúil sonraithe so sainráite i gcás gach ceann de mhodúil an chláir.

i. Sonraítear aon mhiondámhachtainí QQI a lorgaítear dóibh siúd a chríochnaíonn na modúil, i gcás is infheidhme.

  i. I gcás gach miondámhachtana sonraithe, tá íostorthaí foghlama ceaptha an mhodúil ag teacht le caighdeáin miondámhachtainí ábhartha an QQI[13]

## 17.3 TÁ COINCHEAP AN CHLÁIR, AN STRAITÉIS CHUR CHUN FEIDHME AGUS A LÉIRMHÍNIÚ AR CHAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ AN QQI BUNAITHE AR FHAISNÉIS CHUÍ AGUS FÓNTA (AG CUR CUSPÓIRÍ SÓISIALTA, CULTÚRTHA, OIDEACHASÚLA GAIRMIÚLA AGUS FOSTAÍOCHTA SAN ÁIREAMH)

a. Le linn fhorbairt an chláir agus na dtorthaí foghlama ceaptha, lorgaíodh agus cuireadh san áireamh tuairimí geallsealbhóirí ar nós foghlaimeoirí, céimithe, oidí, léachtóirí, institiúidí oideachais agus oiliúna, fostóirí, comhlachtaí reachtúla, comhlachtaí rialála, na pobail idirnáisiúnta eolaíochta agus acadúla, comhlachtaí gairmiúla agus cumainn chomhionanna, ceardchumainn agus ionadaithe sóisialta agus pobail.[14]

b. Rinneadh bonn eolais leordhóthanach a chur faoi léirmhíniú na gcaighdeán dámhachtainí agus rinneadh taighde leordhóthanach maidir léi, i bhfianaise aidhmeanna agus cuspóirí an chláir agus íostorthaí foghlama ceaptha an chláir (agus na modúl, nuair is cuí).

  i. Tá réasúnaíocht shásúil ann chun an clár a chur ar fáil.

  ii. Rinneadh comparáid fhabhrach idir an clár beartaithe agus cláir ghaolmhara (inchomparáide) atá ar fáil cheana féin in Éirinn agus níos faide i gcéin. Ba chóir comparadóirí a bheith chomh gar dá chéile agus is féidir.

  iii. Tá tacaíocht ann do thabhairt isteach an chláir (m.sh. ó fhostóirí, nó ó chomhlachtaí gairmiúla, rialála nó reachtúla).

  iv. Tá fianaise[15] ann ar éileamh ó fhoghlaimeoirí ar an gclár.

*12. D'fhéadfaí a áireamh ar chuspóirí eile den chlár, riachtanais oideachais nó oiliúna a shroicheadh i gcás chomhlacht reachtúil, rialála nó gairmiúil.*
*13. Ní bheidh miondámhachtain i gceist i gcás gach modúil. Tá mórchuid miondámhachtainí i gcóras comhdhámhachtainí an QQI ach d'fhéadfaí dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna a dhéanamh lasmuigh den chóras seo.*
*14. Is cuma cé chomh mionsonraithe atá caighdeáin dámhachtainí, braitheann siad dá léirmhíniú ar phobail éagsúla. Is gá an comhairliúchán seo má tá an clár le foghlaimeoirí a chumasú chun an caighdeán sa chiall is leithne a bhaint amach.*

v. Tá fianaise ann go mbeidh deiseanna fostaíochta ann do chéimithe más cuí[16].

vi. Comhlíonann an clár fíor-riachtanais oideachais agus oiliúna.[17]

c. Tá meicníochtaí ann chun an clár a choimeád cothrom le dáta i gcomhar le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.

d. Bhí fostóirí agus cleachtóirí, i gcás gairmdhámhachtainí agus dámhachtainí gairmiúla, rannpháirteach go córasach i ndearadh an chláir i gcás ina bhfuil an clár dírithe ar ghairmoideachas nó ar oideachas gairmiúil.

e. Sásaíonn an clár aon chritéar le haghaidh bailíochtú a ghabhann leis na caighdeáin dámhachtainí is infheidhme agus sonraíochtaí dámhachtainí an QQI.

## 17.4 TÁ SOCRUITHE SÁSÚLA SA CHLÁR MAIDIR LE ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ

a. Tá an fhaisnéis faoin gclár agus na nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú ag teacht leis na nósanna imeachta a thuairiscítear i mbeartas agus critéir an QQI um rochtain, aistriú agus forchéimniú maidir le foghlaimeoirí i gcás soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna. Déantar gach ceann dá chritéir sainchláir a shásamh ina aonair agus go sainráite[18].

b. Cuirtear faisnéis an chláir ar fáil d'fhoghlaimeoirí i bhfocail shoiléire. Mionsonraítear ann an méid a mbeifear ag súil leis ó fhoghlaimeoirí ar an gclár agus an méid is féidir le foghlaimeoirí a bheith ag súil leis ón gclár agus deirtear go bhfuil nósanna imeachta ann le cinntiú go gcuirtear an clár ar fáil i raon formáidí insroichte.

c. Má leanann dámhachtain ardoideachais agus oiliúna as an gclár, agus má dearadh é ó thaobh fad tréimhse de do chainteoirí dúchais Béarla, ansin ní mór leibhéal inniúlachta sa Bhéarla a bheith cothrom le B2+ i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFRL[19]) nó os a chionn chun a chumasú d'fhoghlaimeoirí an caighdeán a bheidh riachtanach do dhámhachtain an QQI a shroicheadh.

d. Sonraítear sa chlár an fhoghlaim (eolas, scil agus inniúlacht) a mbeifear ag súil leis ó **spriocfhoghlaimeoirí** sula gcláraíonn siad sa chlár agus aon toimhdí eile maidir le foghlaimeoirí cláraithe (rannpháirtithe sa chlár).

e. Áirítear ar an gclár nósanna imeachta agus critéir oiriúnacha maidir le **haitheantas d'fhoghlaim roimh ré** le haghaidh cuspóirí rochtana, agus, áit is cuí, iontráil isteach i gcéim níos airde den chlár agus le haghaidh díolúintí.

*15. D'fhéadfadh seo a bheith táscach nó indíreach.*
*16 Tá sé riachtanach páirt a thabhairt d'fhostóirí i bhforbairt agus in athbhreithniú an chláir nuair a bhíonn an clár dírithe ar ghairmoideachas nó ar oideachas gairmiúil.*
*17. Tá fianaise shoiléir ann go gcomhlíonann an clár riachtanais oideachais agus oiliúna na spriocfhoghlaimeoirí agus tá éileamh soiléir ar an gclár.*
*18. Ní mór díriú, i dtuarascáil mheasúnaithe an tsoláthraí, ar gach ceann de na critéir mhionsonraithe atá leagtha amach sa bheartas agus critéir um rochtain, aistriú agus forchéimniú i dtaca le foghlaimeoirí i gcás soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna. Tá na critéir mhionsonraithe (mar a d'athdhearbhaigh an QQI iad i 2015) leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:*
*- Cosáin forchéimnithe agus aistrithe*
*- Socruithe iontrála*
*- Soláthar faisnéise*
*19. http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/Source/Framework_EN.pdf (accessed 26/09/2015)*


Aibreán 2016/QP.17-V1 © QQI

f. Teideal an chláir (an teideal trína ndéantar tagairt don chlár):-

   i. Léiríonn sé *buntorthaí foghlama ceaptha an chláir*, agus tá sé ag teacht le caighdeáin agus cuspóirí dhámhachtainí an QQI a leanann as, teideal/teidil na dámhachtana agus a n-aicme/aicmí.

   ii. Tá sé dírithe ar fhoghlaimeoirí agus lánbhríoch d'fhoghlaimeoirí;

   iii. Tá tábhacht fhadtéarmach leis.

g. Tá teideal an chláir dleathach ar gach slí eile, mar shampla, ní mór dó na riachtanais infheidhme reachtúla, rialála agus na riachtanais maidir le comhlacht gairmiúil a chomhlíonadh.

## 17.5 TÁ STRUCHTÚR CUÍ AR CHURACLAM SCRÍOFA AN CHLÁIR AGUS TÁ SÉ OIRIÚNACH DON FHEIDHM

a. Tá struchtúr cuí ar an gclár agus tá dírithe ar shlí chomhsheasmhach sa tslí go mbainfidh na foghlaimeoirí amach torthaí foghlama ceaptha an chláir. Is clár comhtháite é ó thús deireadh (céimeanna agus modúil san áireamh, más ann dóibh).

b. A fhad is indéanta cuirtear rogha ar fáil d'fhoghlaimeoirí cláraithe sa chlár ionas gur féidir leo a gcuid deiseanna foghlama a ailíniú lena riachtanais aonair oideachais agus oiliúna.

c. Tá struchtúr cuí ar an gclár agus tá sé dírithe ar shlí chomhsheasmhach sa tslí go mbainfidh na foghlaimeoirí amach torthaí foghlama ceaptha an chláir.

d. Tá cuspóirí agus aidhmeanna gach ceann d'eilimintí an chláir soiléir d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoireann an tsoláthraí.

e. Tá struchtúr agus sceideal réalaíoch ag gabháil leis an gclár, bunaithe ar dhea-phrionsabail oideachais agus oiliúna[20].

f. Tá an curaclam doiciméadaithe go cuimsitheach córasach.

g. Tá an chreidiúint a thugtar don chlár ag teacht leis an difríocht idir an caighdeán iontrála agus íostorthaí foghlama ceaptha an chláir.

h. Tá an chreidiúint a thugtar don chlár ag teacht leis an difríocht idir caighdeán iontrála an mhodúil agus íostorthaí foghlama ceaptha an mhodúil.

i. Cuirtear eilimintí ar nós socrúchán cleachtais agus céimeanna san obair ar fáil leis an aird agus an cúram céanna leis na heilimintí eile.

j. Tá **fad tréimhse** an chláir (ráite i dtéarmaí ama ón gclárú tosaigh go dtí an chríoch) agus a **am teagmhála lánaimseartha comhionann** (ráite in uaireanta an chloig) ag teacht leis an difríocht idir an íoschaighdeán iontrála agus an caighdeán dámhachtana agus leis an leithdháileadh creidiúintí.[21]

*20. Tá feidhm athfhillteach aige seo maidir le gach eilimint den chlár ón gclárú amach go dtí a chríoch. I gcás clár modúlach, tá linn na modúl agus na srianta ar chosáin foghlama (ar nós aon mhodúl réamhriachtanach agus comhriachtanach) ráite go soiléir agus oiriúnach do thorthaí ceaptha foghlama an chláir.*

*21. Más fad athraitheach é, mar shampla, i gcás ina bhfuil iontráil ag céim chun cinn ar fáil, ba chóir é seo a mhíniú agus a chosaint.*

## 17.6 TÁ DÓTHAIN BALL FOIRNE CUÍCHÁILITHE AGUS CUMASACH AR FÁIL CHUN AN CLÁR A CHUR CHUN FEIDHME MAR ATÁ CEAPTHA DÓ

a. Déantar riachtanais foirne an chláir (an fhoireann is gá mar chuid den chlár agus mar chuid riachtanach de) a shonrú go cruinn, agus go beacht, agus tá siad ag teacht leis an gclár agus lena chuspóir sainithe. Áirítear ar na sonraíochtaí cáilíochtaí gairmiúla agus oideachais, ceadúnais chun dul i mbun cleachtaidh áit is cuí, taithí, agus na riachtanais maidir le cóimheas na foirne/na bhfoghlaimeoirí. Féach, leis, aonad (17.12d).

b. Tá líon foirne aitheanta ag an gclár[22] (nó foireann fhéideartha) atá ar fáil, cáilithe, agus in acmhainn an clár sonraithe a chur ar fáil i bhfianaise na ngealltanas eile atá tugtha acu.

c. Léirítear líon foirne an chláir (nó an fhoireann fhéideartha) (iad siúd a thacaíonn le foghlaim lena n-áirítear aon phearsanra fostóir-bhunaithe) a bheith inniúil chun foghlaimeoirí a chumasú chun torthaí foghlama ceaptha an chláir a bhaint amach agus chun gnóthachtáil foghlaimeoirí a mheasúnú de réir mar is gá.

d. Tá socruithe i bhfeidhm do bhainistiú fheidhmíocht fhoireann an chláir le cinntiú go mbíonn siad acmhainneach i gcónaí chun a róil a chomhlíonadh, agus tá deiseanna[23] forbartha[24] foirne ann.

e. Tá socruithe ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoireann an chláir agus tá meicníochtaí ann chun forbairt a spreagadh agus chun díriú ar thearcfheidhmíocht.

f. I gcás ina bhfuil an clár le soláthar ag foireann nach bhfuil ceaptha go fóill tá socruithe ann le cinntiú nach gclárófar foghlaimeoirí ar an gclár ach amháin má bhíonn an líon foirne is gá chun an tsonraíocht a chomhlíonadh fostaithe.

## 17.7 TÁ DÓTHAIN ACMHAINNÍ FISICIÚLA AR FÁIL CHUN AN CLÁR A CHUR CHUN FEIDHME MAR ATÁ CEAPTHA DÓ

a. Tá sonraíocht riachtanais acmhainní fisiceacha an chláir (na hacmhainní fisiciúla is gá mar chuid den chlár agus acmhainní fisiciúla atá riachtanach dó) cruinn, agus beacht agus ag teacht leis an gclár, a chuspóir sainithe agus a riachtanais maidir le cóimheas acmhainní/foghlaimeoirí. Féach, leis, aonad (17.12d).

b. Tá líon acmhainní fisiciúla aitheanta faoin gclár (nó acmhainní fisiciúla tacaithe féideartha) atá ar fáil i bhfianaise na ngealltanas atá déanta cheana féin maidir leo siúd m.sh. a infhaighte atá:

   i. áitreabh agus cóiríocht oiriúnacht do riachtanais foghlama agus riachtanais daoine (compord, sábháilteacht, sláinte, folláine na bhfoghlaimeoirí) (baineann seo le gach ceann de thimpeallachtaí foghlama an chláir lena n-áirítear timpeallacht foghlama san ionad oibre)

*22. Ciallaíonn baill foirne anseo daoine nádúrtha a bheidh de dhíth mar chuid den chlár agus a bheidh cuntasach maidir leis (go díreach no go hindíreach) do sholáthraí an chláir; is féidir, mar shampla, go mbeadh oiliúnóirí agus maoir san ionad oibre san áireamh.*

*23. Ciallaíonn baill foirne anseo daoine nádúrtha a bheidh de dhíth mar chuid den chlár agus a bheidh cuntasach maidir leis (go díreach no go hindíreach) do sholáthraí an chláir; is féidir, mar shampla, go mbeadh oiliúnóirí agus maoir san ionad oibre san áireamh.*

*24. Éilíonn oideachas agus oiliúint ghairmiúil nó gairmoideachas go mbeadh eolas gairmiúil/gairmeolas na foirne teagaisc chun dáta. Ní hionann a bheith cáilithe i ndisciplín agus a bheith inniúil faoi láthair sa disciplín sin. Mar sin, ní mór do bhainistíocht feidhmíochta agus d'fhorbairt na foirne gairmiúla agus na gairmfhoirne díriú ar inniúlacht ghairmiúil/gairminniúlacht agus ar inniúlacht oideolaíoch. Féadfaidh socrúchán i dtionscal, mar shampla, a bheith ar áireamh i bhforbairt ghairmiúil. I ngairmeacha rialaithe bheifí ag súil le líon oiriúnach cleachtóirí cláraithe a bheith bainteach leis.*

ii. teicneolaíocht agus acmhainní oiriúnacha faisnéise (lena n-áirítear teicneolaíocht oideachasúil agus aon timpeallacht fhíorúil teagaisc a chuirtear ar fáil)

iii. ábhar clóite agus leictreonach (bogearraí san áireamh) maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú

iv. saintrealamh oiriúnach (m.sh. cistin, saotharlann, ceardlann, stiúideo) - más cuí

v. tacaíocht theicniúil

vi. tacaíocht riaracháin

vii. socrúchán/intéirneacht i gcuideachta – más cuí

c. Má chuirtear leaganacha difriúla den chlár ar fáil ag an am céanna i mbreis is ionad amháin, comhlíonann gach ceann acu go neamhspleách na critéir shuímh le haghaidh bailíochtú (m.sh. líon foirne, acmhainní agus an timpeallacht foghlama).

d. Tá plean cúig bliana ann maidir leis an gclár. Ba chóir go ndíreofaí ann ar

i. An iontógáil bheartaithe (na chéad chúig bliana) agus

ii. Na costais agus ioncam iomlán in imeacht na gcúig bliana bunaithe ar an iontógáil bheartaithe.

e. Áirítear ar an gclár rialuithe a chinnteoidh teidlíocht ar mhaoin (lena n-áirítear maoin intleachtúil, áitreabh, ábhair agus trealamh) is gá a úsáid.

## 17.8 TÁ AN TIMPEALLACHT FOGHLAMA AG TEACHT LE RIACHTANAIS FHOGHLAIMEOIRÍ AN CHLÁIR

a. Tá timpeallacht fhisiciúil, shóisialta, chultúrtha agus intleachtúil an chláir (ag cur san áireamh go bhféadfadh an timpeallacht a bheith leathfhíorúil nó áit oibre a bheith i gceist leis) lena n-áirítear acmhainní agus córais tacaíochta ag teacht le torthaí foghlama ceaptha an chláir.

b. Is féidir le foghlaimeoirí idirghníomhú le, agus tacú a fháil ó, daoine eile i dtimpeallacht foghlama an chláir, lena n-áirítear piarfhoghlaimeoirí, múinteoirí, agus i gcás inar cuí, maoir, cleachtóirí agus meantóirí.

c. Áirítear sa chlár socruithe le cinntiú go mbíonn na codanna den chlár a dhéantar san áit oibre faoi réir na diansocruithe céanna agus atá i bhfeidhm in aon chuid eile den chlár, ag féachaint, ag an am céanna, do nádúr difriúil na háite oibre.

## 17.9 TÁ STRAITÉISÍ FÓNTA TEAGAISC AGUS FOGHLAMA ANN

a. Tacaíonn na straitéisí teagaisc le gnóthú thorthaí foghlama ceaptha an chláir/an mhodúil.

b. Soláthraíonn an clár fíordheiseanna foghlama chun foghlaimeoirí a chumasú chun torthaí foghlama ceaptha an chláir a bhaint amach.

c. Cumasaíonn an clár d'fhoghlaimeoirí cláraithe na híostorthaí foghlama ceaptha a bhaint amach (ach a bheith réasúnta dúthrachtach) go hiontaofa agus go héifeachtach (ó thaobh iarracht iomlán an fhoghlaimeora agus riar oibre atá réasúnta cothromaithe).

d. Déantar monatóireacht/maoirseacht ar an bhfoghlaim.

e. Cuirtear treoir aonair, tacaíocht[25] agus aiseolas tráthúil múnlaitheach ar fáil go rialta d'fhoghlaimeoirí cláraithe de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an gclár.

## 17.10 TÁ STRAITÉISÍ FÓNTA MEASÚNAITHE ANN

a. Déantar gach measúnú go comhsheasmhach le Treoirlínte maidir le Measúnú, Coinbhinsiúin agus Prótacail maidir le Cláir as a Leanann Dámhachtainí an QQI[26]

b. Tá comhéadan éifeachtach ag nósanna imeachta measúnaithe an chláir le nósanna imeachta DC an tsoláthraí, arna gceadú ag an QQI.

c. Áirítear ar an gclár nósanna imeachta sonraithe atá cothrom agus comhsheasmhach maidir le measúnú foghlaimeoirí cláraithe le cinntiú go sealbhaíonn gach duine a chríochnaíonn an clár go rathúil íostorthaí foghlama ceaptha an chláir/an mhodúil.[27]

d. Áirítear ar an gclár measúnú múnlaitheach chun tacú le foghlaim.

e. Tá straitéis measúnaithe cláir ann don chlár iomlán agus tá straitéisí sásúla measúnaithe modúil ann maidir le haon cheann dá mhodúil chomhpháirte.[28]

f. Tá ionstraimí, tascanna, scéimeanna marcála samplacha measúnaithe agus fianaise ghaolmhar ar fáil maidir le gach measúnú ag gach céim den dámhachtain agus léirítear iontu gur dócha an measúnú a bheith bailí agus iontaofa.

g. Tá nósanna imeachta fónta ann chun modhnóireacht a dhéanamh ar thorthaí an mheasúnaithe mhúnlaithigh.

h. Ní chuireann an soláthraí foghlaimeoir cláraithe ar aghaidh lena theastasú i gcás dámhachtana ar bailíochtaíodh clár ina leith ach amháin má rinneadh an foghlaimeoir a mheasúnú go sonrach i gcomparáid le caighdeáin na dámhachtana sin.[29]

## 17.11 TUGTAR EOLAS LEORDHÓTHANACH, TREOIR AGUS CÚRAM D'FHOGHLAIMEOIRÍ ATÁ CLÁRAITHE AR AN gCLÁR

a. Tá socruithe i bhfeidhm le cinntiú go mbíonn gach foghlaimeoir cláraithe ar an eolas go hiomlán agus go tráthúil i dtaobh an chláir, lena n-áirítear sceideal na ngníomhaíochtaí agus na measúnachtaí.

*25. Baineann tacaíocht agus aiseolas le rud ar bith atá ábhartha maidir le foghlaim i gcomhthéacs an chláir. Chun amhras a sheachaint, áirítear air aon tacaíocht teanga, litearthachta agus uimhearthachta a bhaineann leis an gcúrsa.*

*26. Féach an roinn ar shocruithe eatramhacha.*

*27. Glactar leis anseo go bhfuil íostorthaí foghlama ceaptha an chláir/an mhodúil ag teacht leis na caighdeáin infheidhme dámhachtana.*

*28. Dírítear ar an straitéis measúnaithe clár sna Treoirlínte maidir le Measúnú, Coinbhinsiúin agus Prótacail maidir le Cláir as a Leanann Dámhachtainí an QQI. Féach an roinn ar shocruithe eatramhacha.*

*29. Más dámhachtain chumaisc CAS QQI é an dámhachtain ní leor é gach ceann de na comhpháirteanna a shonraítear sna riachtanais i ndáil le teistiú a bheith bainte amach ag an bhfoghlaimeoir ach amháin sa chás gur buaic-chomhpháirt é ceann amháin ar a laghad de na comhpháirteanna sin (.i. deartha chun torthaí foghlama cumaisc a thástáil).*

b. Cuirtear faisnéis ar fáil maidir le tacaíochtaí atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá cláraithe ar an gclár.

c. Cuirtear faisnéis shonrach ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá cláraithe ar an gclár maidir le haon nósanna imeachta achomhairc agus gearán sainchláir.

d. Más clár modúlach é, áirítear air socruithe maidir le seirbhísí éifeachtacha treorach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí maidir le cosáin chuí foghlama a roghnú.

e. Cuirtear san áireamh sa chlár na difríochtaí idir foghlaimeoirí cláraithe, mar shampla, ó thaobh foghlaim roimh ré, aibíocht agus cumais.

f. Tá socruithe ann le cinntiú go ndéantar maoirseacht ar fhoghlaimeoirí atá cláraithe ar an gclár agus go ndírítear tacaíocht aonair agus cúram cuí orthu siúd a bhfuil gá acu leo.

g. Cuirtear tacaíochtaí ar fáil sa chlár d'fhoghlaimeoirí cláraithe a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus oiliúna acu.

h. Déantar socruithe réasúnta sa chlár le haghaidh foghlaimeoirí faoi mhíchumas[30].

i. Má fhéachtar le mic léinn idirnáisiúnta a chlárú ar an gclár, comhlíonann an clár an Cód Cleachtais maidir le Cláir a Sholáthar do Mhic Léinn Idirnáisiúnta[31] agus tá tacaíochtaí oiriúnacha inseirbhíse ar fáil i réimsí ar nós Béarla, scileanna foghlama, scileanna teicneolaíochta faisnéise agus mar sin de, chun díriú ar riachtanais foghlaimeoirí idirnáisiúnta agus a chumasú do gach foghlaimeoir a bheith rannpháirteach go rathúil sa chlár.

j. Tabharfar aire mhaith d'fhoghlaimeoirí an chláir agus coimeádfar sábháilte iad fad a bhíonn siad rannpháirteach sa chlár, (m.sh. fad a bhíonn siad ag áitreabh an tsoláthraí nó ag áitreabh aon chomhoibrí atá bainteach leis an soláthar, ionaid soláthair an chláir lena n-áirítear aon suíomh áit oibre nó suíomh socrúcháin/cleachtais).

## 17.12 BAINISTÍTEAR AN CLÁR I gCEART

a. Áirítear ar an gclár rialachas riachtanach, dearbhú cáilíochta, measúnú foghlaimeoirí, agus nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú a bhfuil comhéadan feidhmiúil idir iad agus nósanna imeachta ginearálta nó institiúideacha an tsoláthraí.

b. Tá comhéadan éifeachtach ag an gclár le nósanna imeachta DC an tsoláthraí, arna gceadú ag an QQI. Aon athruithe incriminteacha ar nósanna imeachta DC an tsoláthraí a éilítear faoin gclár nó aon nósanna imeachta DC sainchláir, ní mór iad a cheapadh ag féachaint do threoirlínte reachtúla DC an QQI. Más ceadmhach faoi na nósanna imeachta DC na hionaid inar féidir leis an soláthraí an clár a sholáthar a cheadú, ba chóir do na nósanna imeachta agus na critéir maidir leis seo a bheith oiriúnach don fheidhm maidir leis na hionaid atá oiriúnach chun an clár a sholáthar agus na cinn nach bhfuil a shainaithint.

*30. Gheofar tuilleadh faisnéise ar shocruithe réasúnta a dhéanamh ag www.AHEAD.ie agus i mBeartais, Gníomhartha agus Nósanna Imeachta an QQI um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú (QQI, athráite 2015).*
*31. Féach an Cód Cleachtais maidir le Cláir a Sholáthar do Mhic Léinn Idirnáisiúnta (QQI, 2015)*

c. Tá critéir shainráite agus oiriúnacha sainchláir ann chun daoine a roghnú a chomhlíonfaidh riachtanais foirne an chláir agus ar féidir iad a chur le líon na foirne.

d. Tá critéir shainráite agus oiriúnacha sainchláir ann chun acmhainní fisiciúla a roghnú a chomhlíonfaidh riachtanais an chláir maidir le hacmhainní fisiciúla, agus ar féidir iad a chur le líon acmhainní fisiciúla tacaithe an chláir.

e. Tá dearbhú cáilíochta[32] ina chuid riachtanach de shocruithe cothabhála an chláir agus díríonn sé ar gach gné atá aibhsithe i gcritéir an bhailíochtaithe.

f. Tá na socruithe DC sainchláir ag teacht le treoirlinte reachtúla DC an QQI agus úsáideann siad rátaí críochnúcháin a ndéantar monatóireacht leanúnach orthu agus foinsí eile faisnéise a d'fhéadfadh léargas a thabhairt ar an gcáilíocht agus na caighdeáin a bhaintear amach.

g. Déantar na socruithe oibriúcháin agus bainistíochta cláir a dhoiciméadú ar shlí chomhtháite agus tá siad oiriúnach.

h. Tá nósanna imeachta fónta ann le haghaidh comhéadain le teistiú an QQI.

*32. Féach, leis, Beartas an QQI um Monatóireacht (QQI, 2014)*

# Beartais agus critéir le haghaidh bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí sa Chomhchóras Dámhachtainí (CAS)

## 1 RÉAMHRÁ

Is breisiú é an doiciméad seo ar Bhunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI ar chláir oideachais agus oiliúna maidir le soláthraithe atá ag déanamh iarratais ar chláir as a leanann dámhachtainí an Chomhchórais Dámhachtainí (CAS) astu. Ní mór é a léamh i gcomhar leis an 'mbun'.

Baineann an doiciméad seo le cláir as a leanann dámhachtainí den CAS. Soláthraithe ar mian leo iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú clár as a leanann cineálacha eile dámhachtainí BOO, ba chóir dóibh Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna a úsáid.

Léirítear i mBunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chlár oideachais agus oiliúna an méid is gá a dhéanamh agus iarratas á dhéanamh chuig an QQI ar bhailíochtú do chlár oideachais agus oiliúna. An riachtanas **tuarascáil mheastóireachta an tsoláthraí** a chur san áireamh, is coinníoll nua é sin maidir le bailíochtú clár breisoideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí CAS. Ní coinníoll nua é doiciméid chláir agus tacaíochta a chur isteach, ach is rud nua é raon agus cur i láthair na ndoiciméad seo.

I ngeall ar a chasta atá an CAS, ba chóir Beartais agus Critéir an Chomhchórais Dámhachtainí le haghaidh Bailíochtú Clár as a Leanann Dámhachtainí sa Chomhchóras Dámhachtainí a léamh i gcomhar le Beartas an QQI um Chaighdeáin Dámhachtainí a Chinneadh.

## 2 AN COMHCHÓRAS DÁMHACHTAINÍ

Tá Comhréir Sonraíochta Comhpháirte/Deimhnithe an CAS leagtha amach go mion i mBeartas an QQI um Chaighdeáin Dámhachtainí a Chinneadh. Tá baint ag na ceannteidil seo a leanas leis

i. Teideal na Dámhachtana

ii. Leibhéal den Chreat

iii. Ráiteas Cuspóra

iv. Luach na gCreidiúintí

v. Réimse Foghlama

vi. Torthaí Ionchasacha Foghlama

vii. Riachtanais an Deimhnithe (ina sonraítear dámhachtainí comhpháirte (cineál miondámhachtana))

viii. Riachtanais Mheasúnaithe

ix. Grádú

x. Riachtanais Speisialta le haghaidh bailíochtú

xi. Doiciméid Tacaíochta

xii. Ráiteas Rochtana

Is ionann na torthaí ionchasacha foghlama agus (vi) caighdeán reachtúil na dámhachtana. Is iad na codanna eile cinntí an QQI (lena n-áirítear caighdeáin na bhfodhámhachtainí faoin gceannteideal riachtanais i ndáil le teistiú) atá nasctha go háisiúil leis an gcaighdeán dámhachtana. Tá tionchar ag gach ceann díobh ar dhearadh clár as a leanann dámhachtainí CAS.

Tabhair do d'aire go mbaineann sonraíocht deimhnithe CAS (baineann sonraíocht deimhnithe CAS de ghnáth le dámhachtain nach miondámhachtain í, go tipiciúil mórdhámhachtain, dámhachtain sainchuspóra nó dámhachtain fhorlíontach) is féidir a chinneadh gan aon dámhachtainí comhpháirte a fhorordú.

# 3 CINEÁLACHA CLÁR

## 3.1 CLÁIR

Leanann ildámhachtainí de ghnáth as cláir sa Chomhchóras Dámhachtainí. D'fhéadfaí clár amháin, mar shampla, a dhearadh chun go leanfaidh miondámhachtainí éagsúla agus mórdhámhachtain as.

## 3.2 CLÁIR AGUS MODÚIL CHUMAISC

Is ionann cláir chumaisc, chun críocha an doiciméid seo, agus cláir chomhtháite modúlaithe as a leanann, mar shampla, mórdhámhachtainí, dámhachtain sainchuspóra nó dámhachtainí forlíontacha.

Is gnách do chláir chumaisc modúil a bheith iontu (cláir bheaga laistigh de chláir) as a leanann go minic (ach ní i gcónaí) miondámhachtainí (dámhachtainí comhpháirte)—atá faoi thionchar shonraíocht ábhartha deimhnithe an QQI.

Ní dhearnadh aon soláthar sa CAS, mar a ceapadh agus a cuireadh chun feidhme é a chéaduair, chun creidiúintí BOO a thabhairt don obair chomhtháthaithe a bhí riachtanach chun foghlaim a baineadh amach trí mhodúil aonair agus a deimhníodh le miondámhachtainí a chomhtháthú i leith gnóthachtáil dámhachtana nach miondámhachtain í. Áirítear ar Bheartais agus Critéir le haghaidh bailíochtú Clár as a Leanann Dámhachtainí sa Chomhchóras Dámhachtainí roinnt bearta maolaithe.

## 3.3 MIONCHLÁIR

Is éard is mionchláir, sa doiciméad seo, cláir as a leanann miondámhachtain amháin nó níos mó i gcás **nach soláthraíonn**[33] soláthraí clár cumaisc comhfhreagrach as a leanann dámhachtain CAS.

*33. Mar a luaitear in alt (3.2), úsáidtear an téarma modúl d'fhochláir as a leanann miondámhachtainí i gcás ina soláthraíonn an soláthraí clár cumaisc comhfhreagrach.*

Anuas air sin, nasctar i gcónaí mionchlár as a leanann miondámhachtain ar leith le sonraíocht ghníomhach QQI maidir le teistiú a n-áirítear an miondámhachtain ar a riachtanais deimhnithe. Sonraíocht nasctha maidir le deimhniú a thugtar air sin. D'fhéadfaí mionchlár a dhearadh chun go leanfaidh, ar chríoch dó, breis is miondámhachtain amháin as, agus beidh feidhm ag an bprionsabal céanna maidir leis.

Nóta: Féadfaidh soláthraí clár a mholadh as a leanfaidh dámhachtain nach dámhachtain CAS í, agus miondámhachtain leabaithe CAS amháin nó níos mó agus i gcás mar sin is féidir na miondámhachtainí a tharraingt as sonraíochtaí éagsúla cumaisc. Ní fhéachtar ar chlár den sórt sin mar mhionchlár.

### 3.4 CLÁIR A BHFUIL CURACLAM I BPÁIRT ACU

Dírítear sna Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna ar bhailíochtú do chláir a bhfuil curaclam i bpáirt acu.

### 3.5 CLÁIR A BHFUIL CURACLAM ÉIGEANTACH ACU

Ní thugann an QQI sainorduithe maidir le curaclaim. Bhí rialaitheoirí áirithe bainteach le 'curaclaim éigeantacha' a cheadú mar chuid de na nósanna imeachta chun dámhachtainí airithe CAS a aithint. De ghnáth, ní mór do sholáthraithe cead an rialaitheora ábhartha a fháil sula soláthraítear clár as a leanann dámhachtain den sórt sin. Ní bhailíochtaíonn an QQI 'curaclaim éigeantacha' ach na héifeachtúlachtaí a bhaineann le bailíochtú clár a úsáideann curaclaim i bpáirt, baineann siad le curaclaim éigeantacha, leis.

## 4 PRÓISEAS IARRATAIS AN QBS I gCÁS CLÁR AS A LEANANN DÁMHACHTAINÍ CAS

Is iad riachtanais atá sonraithe sna Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna a rialaíonn iarratais ar bhailíochtú.

Soláthraíonn an QQI comhéadan ar líne chun an fhaisnéis a uaslódáil is gá le haghaidh bailíochtú clár as a leanann dámhachtain CAS den QQI. Leis an gcomhéadan ar líne is féidir

I. Foirm iarratais ar líne a chomhlánú agus faisnéis achomair a sholáthar maidir leis an gclár cumaisc agus a mhodúil agus na dámhachtainí CAS a leanann as; **NÓ**

II. Foirm iarratais ar líne a chomhlánú chun faisnéis achomair a sholáthar maidir le miondámhachtain agus an mhiondámhachtain/na miondámhachtainí CAS a leanann as agus an tsonraíocht nasctha maidir le teistiú; **AGUS**

III. Na doiciméid a thacaíonn leis an iarratas a uaslódáil (mar a shonraítear sna *Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chlár oideachais agus oiliúna*).

Tá soláthraithe freagrach as a gcuid iarratas a rianú agus a chinntiú go soláthraítear an fhaisnéis is gá laistigh de na tréimhsí ceadaithe.

## 4.1 TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH MHEASTÓIREACHTA

Déanfar an tuarascáil neamhspleách mheastóireachta a ullmhú, agus a fhoilsiú ar deireadh, de réir *Bhunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna*.

Seo a leanas dhá chineál cur chuige coitianta i leith meastóireacht a dhéanamh ar chláir CAS:

- meastóireacht ag duine amháin nó níos mó, gan cuairteanna suímh
- meastóireacht ag duine amháin nó níos mó, le cuairteanna suímh

Is é an QQI a roghnóidh an cur chuige a ghlacfar i leith gach iarratas ar bhailíochtú. Mar sin féin, athróidh an QQI an cur chuige atá glactha aige i leith iarratais ar leith má mheasann sé gur gá sin chun meastóireacht éifeachtach a dhéanamh.

### 4.1.1 MEASTÓIREACHT NEAMHSPLEÁCH AG MEASTÓIR AMHÁIN NÓ NÍOS MÓ GAN CUAIRT SUÍMH

Is é Córas Gnó an QQI (**QBS**) a éascaíonn an próiseas seo.

Déanann beirt mheastóirí ar a laghad an t-iarratas a mheas agus aontaíonn siad **tuarascáil neamhspleách mheastóireachta**. Sa chás neamhdhóchúil nach féidir leis an mbeirt mheastóirí aontú, fostófar an tríú meastóir chun an cás a réiteach. Nó, faoi lánrogha an QQI, d'fhéadfaí an t-iarratas a tharchur chuid grúpa meastóirí eile a roghnódh an QQI.

Féadfaidh na meastóirí **iarratas amháin ar fhaisnéis bhreise** (**RFI**) a dhéanamh – déantar amhlaidh tríd an QBS – agus beidh sé seo infheicthe don soláthraí laistigh den QBS, agus beifear ag súil go n-uaslódálfaidh an soláthraí an freagra laistigh d'am sonraithe. Tá RFInna ceaptha le faisnéis a thabhairt do mheastóirí agus éiginnteacht a réiteach, agus ní chun an t-iarratas a mhionathrú. Mura réitíonn an RFI an éiginnteacht, ansin, faoi lánrogha an QQI, is féidir cruinniú leis an iarratasóir agus/nó cuairt suímh a shocrú.

### 4.1.2 MEASTÓIREACHT NEAMHSPLEÁCH AG GRÚPA MEASTÓIRÍ (PAINÉAL) LE CUAIRT SUÍMH

Is dóchúla ná a mhalairt go ndéanfar cláir chasta nó cláir ríthábhachtacha a bhailíochtú ag grúpaí meastóirí le cuairteanna suímh.

Ó am go chéile, roghnóidh an QQI cineálacha eile iarratas chun go ndéanfaidh grúpa meastóirí neamhspleácha meastóireacht níos mionsonraithe orthu. Is dóchúla ná a mhalairt go dtabharfaidh grúpa mar sin cuairt ar an soláthraí chun casadh ar fhoireann agus geallsealbhóirí eile an tsoláthraí agus áiseanna an chláir a fheiceáil.

### 4.2 BAILÍOCHTÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ AR CHAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ

Is féidir cláir BOO as a leanann dámhachtainí CAS a bhailíochtú fad a bhíonn na caighdeáin ábhartha dámhachtainí a léiriú mar chaighdeáin atá faoi athbhreithniú ar choinníoll gur féidir le foghlaimeoirí an clár bailíochtaithe a chríochnú agus a gcuid dámhachtainí a bheith déanta roimh dháta díghníomhachtúcháin sceidealaithe na dámhachtana/na ndámhachtainí i dtrácht.

Is féidir fad tréimhse cláraithe is gaire a bheith ann ná mar a bheadh murach sin mar thoradh ar choinníollacha bailíochtaithe cláir as a leanann dámhachtain a bheith faoi athbhreithniú.

## 5 DOICIMÉID AN CHLÁIR AGUS DOICIMÉID TACAÍOCHTA

Dírítear air seo go ginearálta in aonad (5.3) de na *Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna*.

D'fhéadfaí saintreoirlínte CAS níos mionsonraithe a eisiúint chun cabhrú le soláthraithe iarratais a ullmhú.

## 6 ATHRÚ AR CHLÁR BAILÍOCHTAITHE

Dírítear air seo go ginearálta in aonad (8) de na *Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna*.

Is féidir clár bailíochtaithe as a leanann dámhachtain chumaisc CAS a mhionathrú trí mhodúil roghnacha as a leanann miondámhachtainí a shonraítear i riachtanais deimhnithe na dámhachtana cumaisc a chur leis, modúil a mbeadh suas le 20% de luach creidiúna na dámhachtana cumaisc i gceist leis, ar choinníoll go mbíonn na modúil roghnacha seo mar chuid de cheann amháin eile de chláir bhailíochtaithe an tsoláthraí.

Mura mbíonn na modúil roghnacha beartaithe ina gcuid de cheann amháin eile de chláir bhailíochtaithe an tsoláthraí, níor mhór don soláthraí iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú difreáilte maidir le clár mionathraithe na dámhachtana cumaisc nó ar bhailíochtú na modúl roghnach (mionchláir).

Ní mór an ríomh de 20% a dhéanamh maidir leis an gclár mar a bhailíochtaigh an QQI é a chéaduair. Ní féidir an riail a agairt arís agus arís eile chun an 20% d'athrú ar an gclár bunaidh a shárú.

I gcás athruithe a ghabhfadh os cionn 20%, níor mhór an clár mionathraithe as a leanann dámhachtain chumaisc a chur isteach le haghaidh bailíochtú (d'fhéadfadh bailíochtú difreáilte a bheith cuí).

# 7 CRITÉIR BHREISE MAIDIR LE CLÁIR AS A LEANANN DÁMHACHTAINÍ CAS

Baineann *Bunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna* le cláir as a leanann dámhachtainí CAS. **Ní mór díriú ar gach ceann de na critéir agus iarratas á dhéanamh ar bhailíochtú do chlár oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtain CAS.**

Cuirtear ar fáil san aonad seo roinnt critéar breise nár mhór díriú orthu agus iarratas á dhéanamh ar bhailíochtú do chlár oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtain CAS.

Anseo, eagraítear na critéir faoi na ceannteidil a úsáidtear i sonraíochtaí dámhachtainí CAS (féach Beartas an QQI um Chaighdeáin Dámhachtainí a Chinneadh).

Ní bheidh gach critéar bailí i ngach cás, mar shampla, ní bheidh feidhm le critéar maidir le clár cumaisc ach amháin sa chás gur iarratas é ar bhailíochtú do chlár cumaisc.

Beidh clár as a leanann dámhachtain CAS faoi réir sonraíocht dámhachtana cumaisc chomh maith le sonraíochtaí dámhachtana comhpháirte cuí. Beidh feidhm aige seo fiú i gcás ina bhfuil mionchlár as a leanann miondámhachtain aonair á chur isteach de bhrí nach mór, fiú sa chás sin, an clár a dhearadh i dtaca le dámhachtain chumaisc ar leith. Ní gá go gciallódh sin nárbh fhéidir an miondámhachtain a fhaightear ar an tslí sin a úsáid ach amháin chun riachtanais i ndáil le teistiú na dámhachtana cumaisc sonraithe a chomhlíonadh, ach beidh an chiall sin leis i gcásanna airithe, mar shampla, i gcás ina ndéanann an dámhachtain chumaisc idirdhealú láidir idir an mionchlár agus an miondámhachtain a ghabhann leis.

## 7.1 SONRAÍOCHT NASCTHA DEIMHNITHE

a. Déanann an mionchlár foghlaimeoirí a ullmhú chun an chuid ábhartha de na riachtanais le haghaidh sonraíocht nasctha deimhnithe a chomhlíonadh.

## 7.2 RÁITEAS CUSPÓRA

a. Tá an clár cumaisc ag teacht le ráiteas cuspóra na sonraíochta dámhachtana ábhartha.

b. Tá an mionchlár ag teacht le ráiteas cuspóra shonraíocht na miondámhachtana/ miondámhachtainí ábhartha agus leis an tsonraíocht nasctha deimhnithe.

## 7.3 RÉIMSE FOGHLAMA

a. Ní mór réimse foghlama an chláir a bheith san áireamh i raon soláthair ceadaithe an tsoláthraí, faoi réir aonaid (4.2) agus (4.3) de *Bhunbheartais agus critéir le haghaidh bailíochtú an QQI do chláir oideachais agus oiliúna*.

## 7.4 TORTHAÍ IONCHASACHA FOGHLAMA

a. Tá torthaí foghlama ceaptha an **chláir chumaisc** ag teacht leis an gcaighdeán dámhachtana infheidhme (dámhachtain nach miondámhachtain í) agus íostorthaí foghlama ceaptha an mhodúil ag teacht leis na caighdeáin infheidhme miondámhachtana.

b. Tá íostorthaí foghlama ceaptha an **mhionchláir** ag teacht leis an gcaighdeán dámhachtana infheidhme.

c. Ní mór íostorthaí foghlama ceaptha an **mhionchláir** a bheith ag teacht, leis, leis an **tsonraíocht nasctha deimhnithe**.

d. Ní féidir clár as a leanann dámhachtain chumaisc a chríochnú ach amháin má tá na torthaí foghlama ionchasacha sealbhaithe, agus más cuí, intaispeáinte (torthaí ionchasacha na dámhachtana cumaisc féin de bhreis ar thorthaí ionchasacha na miondámhachtainí riachtanacha). Ba chóir go mba leor sealbhú na n-íostorthaí foghlama ceaptha a shainítear in a), b) agus c), mar is infheidhme, i ndáil leis seo.

## 7.5 RIACHTANAIS I nDÁIL LE TEISTIÚ[34]

a. Cinntíonn an **clár cumaisc** go sásaítear na riachtanais i ndáil le teistiú i gcás gach foghlaimeora sula ndéantar an teistiú (nach teistiú miondámhachtana é) a iarraidh ar son foghlaimeora ar bhonn an clár a bheith críochnaithe.

b. Coinníoll **riachtanach ach neamhleor** is ea sásamh na riachtanas i ndáil le teistiú i gcás an teastais (nach teastas do mhiondámhachtain é) a iarrtar.[35]

## 7.6 RIACHTANAIS I nDÁIL LE MEASÚNÚ

a. Ní chuireann an clár foghlaimeoir cláraithe ar aghaidh le haghaidh teastasú i gcás dámhachtana ar leith ach amháin sa chás gur measúnaíodh an foghlaimeoir go sonrach i gcomparáid leis an gcaighdeán a chinn an QQI maidir leis an dámhachtain sin – tá feidhm aige sin maidir le gach dámhachtain ar leithligh, lena n-áirítear miondámhachtainí, mórdhámhachtainí agus dámhachtainí sainchuspóra.[36] Ba chóir go mba leor ghnóthú na n-íostorthaí foghlama ceaptha a shainítear i 7.4 a), b) agus c), mar is cuí, a mheasúnú.

## 7.7 RIACHTANAIS SPEISIALTA I nDÁIL LE BAILÍOCHTÚ

a. Comhlíonann an clár na **riachtanais speisialta i ndáil le bailíochtú** ó na sonraíochtaí ábhartha deimhnithe/comhpháirte.

*34. Is riachtanas iad riachtanais i ndáil le teistiú chun go molfadh an QQI go ndéanfaí dámhachtain chumaisc ach ní leor iad mar riachtanas. Féadfaidh an dámhachtain chomhpháirte ar leith a bheith le feiceáil i riachtanais i ndáil le teistiú i gcás níos mó ná dámhachtain chumaisc amháin. Mar shampla, feictear 'taithí oibre' i miondámhachtain Leibhéal 5 sna riachtanais i ndáil le teistiú i gcás lear mór mórdhámhachtainí. Ní chiallaíonn miondámhachtain den sórt seo a ghnóthú i gclár amháin gur féidir é a úsáid go huathoibríoch chun riachtanais eile i ndáil le teistiú a chomhlíonadh i gcás clár eile. Mar shampla, ní bheidh taithí oibre in 'Teicneolaíocht Innealtóireachta' úsáideach le haghaidh 'Cúram agus Oideachas Luath-Óige'. Is freagracht é de chuid soláthraí a sholáthraíonn clár as a leanann dámhachtain chumaisc a chinneadh cibé an féidir dámhachtainí CAS roimhe seo an fhoghlaimeora cláraithe a úsáid chun riachtanais i ndáil le teistiú a chomhlíonadh i ndámhachtain chumaisc. Ní féidir glacadh le haghaidhluach mhiondámhachtainí CAS sa mhéad seo go háirithe dámhachtainí ginearálta is féidir a bhaint amach ar shlite atá éagosúil go mór.*

*35. Is féidir nach mbeadh foghlaimeoir a chomhlíonann na riachtanais i ndáil le teistiú i dteideal an deimhnithe mura bhfuil gnóthachtáil léirithe acu atá ag teacht le torthaí foghlama ionchasacha an deimhnithe.*

*36. Más comhdhámhachtain CAS QQI é an dámhachtain ní leor é gach ceann de na comhpháirteanna a shonraítear sna riachtanais i ndáil le teistiú a bheith bainte amach ag an bhfoghlaimeoir ach amháin sa chás gur comhpháirt bhunúsach é ceann amháin ar a laghad de na comhpháirteanna sin (.i. deartha chun torthaí foghlama cumaisc a thástáil).*

b. I gcás ina mbaineann riachtanais speisialta i ndáil le bailíochtú le háiseanna nó foireann nó fachtóirí eile a bhraitheann ar an ionad i gceist, tá socruithe ann le cinntiú go gcomhlíontar na coinníollacha mar is gá ag gach ionad atá bainteach leis an gclár.

## 7.8 DOICIMÉID TACAÍOCHTA

a. I gcás ina n-éilíonn na torthaí foghlama ionchasacha comhlíonadh caighdeán tacaíochta (m.sh. caighdeáin cheirde nó caighdeáin inniúlachta) léirítear an comhlíonadh seo go córasach san iarratas ar bhailíochtú.

## 7.9 RÁITEAS ROCHTANA[37]

a. I gcás ina sonraítear riachtanais i ndáil le rochtain i sonraíocht na dámhachtana, déanann an clár iad a fhorfheidhmiú.

## 7.10 CRITÉIR EILE DEN CAS

a. Comhlíonann an clár Riail 87.5%

Is ísle an teorainn le méid na foghlama ag leibhéal CNC na dámhachtana atá i gceist i gclár as a leanann dámhachtain chumaisc CAS. Is é **87.5%** an íosteorainn, i gcás riachtanais creidiúintí na dámhachtana cumaisc. Mar shampla, más é 120 líon na gcreidiúintí BOO an t-íosriachtanas creidiúintí ansin ní mór 105 chreidiúint BOO ar a laghad a bheith ar leibhéal CNC na dámhachtana.

b. Comhlíonann an clár Riail na Dámhachtana Cumaisc

Baineann riail na dámhachtana cumaisc leis an tairseach a gcaithfear iarratas ar bhailíochtú cláir as a leanann dámhachtain chumaisc (m.sh. mórdhámhachtain) a dhéanamh má sháraítear é.

Ní mór do sholáthraí atá ag cur isteach ar bhailíochtú i gcás mionchlár amháin nó níos mó a chinntiú nach bhfuil aon fhorluí idir an tsraith miondámhachtainí atá ar fáil ar deireadh na mionchlár beartaithe agus iad siúd atá ar fáil trí na mionchláir atá bailíochtaithe ag an QQI agus riachtanais i ndáil le teistiú aon dámhachtana cumaisc de chuid an QQI a sháródh na teorainneacha creidiúna BOO thíos.

Seo na teorainneacha i gcás mórdhámhachtainí:

- Leibhéal 3 den CNC 45 creidiúint BOO
- Leibhéal 4 den CNC 70 creidiúint BOO
- Leibhéal 5 den CNC 90 creidiúint BOO
- Leibhéal 6 den CNC 90 creidiúint BOO

*37. Deartar dámhachtainí CAS le daoine a chumasú chun cáiliú i gcéimeanna. Glactar leis sa leithdháileadh creidiúintí maidir le dámhachtain CNC leibhéal N gur cháiligh an té i dtrácht le mórdhámhachtain ar leibhéal CNC N-1 sa réimse.*


Aibreán 2016/QP.17-V1 © QQI

Níl teorainneacha uathoibríocha i bhfeidhm maidir le dámhachtainí cumaisc eile ach féadfaidh an QQI iarraidh ar sholáthraí cur isteach ar bhailíochtú cláir as a leanann dámhachtain chumaisc ar leith i gcás inar mian leis an soláthraí rochtain a fháil ar comhpháirteanna dámhachtana cumaisc ar fiú breis is 75% de leithdháileadh creidiúintí na dámhachtana cumaisc iad.

## 8 CUR CHUIGE BUNAITHE AR RÉIMSE DISCIPLÍNE I LEITH BAILÍOCHTÚ DO SHOLÁTHRAITHE CLÁR AS A LEANANN DÁMHACHTAINÍ CAS

Is éard atá sa socrú seo a leanas cás speisialta d'fhreagracht chineachta as tuarascáil neamhspleách mheastóireachta a shocrú (aonad (6.2)).

Féadfaidh soláthraithe clár as a leanann dámhachtainí CAS a bhfuil an cumas riachtanach acu, nósanna imeachta speisialaithe DC, tréchur na n-iarratas ar bhailíochtú, agus caidreamh iontaofa leis an QQI, bailíochtú a fháil ón QQI dá gcláir as a leanann dámhachtainí CAS i réimse disciplíne sonraithe a bheag nó a mhór

ar bhonn meastóireacht thréimhsiúil leibhéal réimse disciplíne agus/nó meastóireacht ar leibhéal aicme chláir ar (i) nósanna imeachta an tsoláthraí chun freagracht chineachta a ghabháil air féin as tuarascáil neamhspleách mheastóireachta agus (ii) a gcláir a ullmhú. Beidh próiseas neamhspleách meastóireachta agus cuairt suímh i gceist sa mheastóireacht thréimhsiúil.

Dhéanfadh an próiseas seo gach clár as a leanann dámhachtain CAS sa réimse disciplíne sin a bhailíochtú ar feadh thréimhse an tsocraithe (cúig bliana, de ghnáth). Anuas air sin, ar feadh fhad tréimhse an tsocraithe, féadfaidh an soláthraí cláir nua as a leanfaidh dámhachtainí CAS sa réimse disciplíne agus/nó aicmí cláir a mholadh agus déanfaidh an QQI iad siúd a bhailíochtú faoi réir seiceálacha riaracháin gan meastóireacht bhreise.

Faoin socrú seo, ní mór do sholáthraí an t-ábhar céanna a uaslódáil ar an QBS agus a dhéanfadh dá mbeadh sé ag cur isteach ar bhailíochtú ar an ngnáthshlí. Beidh orthu, leis, tuarascáil neamhspleách mheastóireachta a sholáthar i gcás gach cláir nua agus é a chur ar aghaidh chuig an QQI in éineacht leis an iarratas foirmiúil ar bhailíochtú. Déanfaidh an QQI an clár a bhailíochtú faoi réir seiceálacha riaracháin (m.sh. ní mór tuarascáil neamhspleách mheastóireachta a bheith ag tacú leis an iarratas) gan meastóireacht bhreise agus foilseofar an tuarascáil neamhspleách mheastóireachta.

Soláthraithe a bhaineann leas as an nós imeachta seo, beidh socruithe sofaisticiúla DC agus rialachais de dhíth orthu.

www.QQI.ie

26/27 Lána Denzille,
BÁC 2,
Eire.
t +353 (0) 1 905 8100